Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2018

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Eacnamaíocht

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2018

# SCÉIM MHARCÁLA

# EACNAMAÍOCHT
# ARDLEIBHÉAL

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil agus **bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.**

- Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.

- I gcuid mhaith cásanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí sna nótaí tacaíochta a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain.

- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

## *INNÉACS NA gCEISTEANNA*


| Uimhir | Ábhar | Lch (lgh) |
|---|---|---|
| | Achoimre ar Leithroinnt na Marcanna | 3 |
| | Roinn A | 4 – 8 |
| | Roinn B | |
| 1 | Éileamh, Cothromaíocht sa Mhargadh, Barrachas an tomhaltóra | 9- 11 |
| 2 | Olagaplacht agus tionscal an árachais gluaisteán | 12 - 15 |
| 3 | Costais, Praghasleaisteachas an tSoláthair, An Tionchar atá ag titim i luach steirling | 16 - 19 |
| 4 | Táirgiúlacht an tsaothair, barainneachtaí scála agus soghluaisteacht oibrithe | 20 - 24 |
| 5 | Polasaí Fioscach & Airgeadaíochta, Cáin indíreach, Easnamh sa bhuiséad | 25 - 30 |
| 6 | Imirce; Ballraíocht den Mhargadh Eorpach Aonair; Cúnamh Forbartha do Thíortha Tearcfhorbartha | 31 - 36 |
| 7 | Geilleagar na hÉireann, rialú ar an mbaincéireacht caiteachas caipitiúil an rialtais | 37 - 41 |
| 8 | Ioncam náisiúnta, Infheistíocht Dhíreach Eachtrach, Cosaint na timpeallachta | 42 – 47 |

Achoimre ar Leithroinnt na Marcanna

**ROINN A (100 marc)**

| Ceist | Marcanna |
|---|---|
| 1 | (a) 8: 4 + 4<br>(b) 2 @ 4 (2+2) |
| 2 | 2 @ 8 ( 4+ 4 ) |
| 3 | 12+4 |
| 4 | (a) 10<br>(b) 6 (2 + 4) |
| 5 | 2 @ 6 agus 2@2 |
| 6 | 1 @ 5 agus 3 @ 4 |
| 7 | (a) 2 @ 6 (3 + 3 )<br>(b) 5 |
| 8 | 6 (3+3), 6(3 + 3), 5(3 + 2) |
| 9 | (a) 8<br>(b) 3 @ 3 |

**Roinn B**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 (a)<br><br>1 (b)<br><br><br><br>1 (c) | (i) 2@5<br>(ii) Léaráid: 9 Míniú: 6<br>(i) Léaráid 13<br>(ii) 6<br>(iii) 2 @ 6<br>(iv) 2 @ 2<br>(i) 6<br>(ii) 9 | 5 (a)<br><br>5 (b)<br><br><br>5 (c) | (i) 2 @ 5<br>(ii) 2 @ 5 (2+3)<br>(i) 5<br>(ii) 3 @ 5<br>(iii) 1@ 5 (2+3)<br>(i) 6<br>(ii) 2 @ 6 (3+3)<br>(iii) 2 @ 6 (3+3) |
| 2 (a)<br><br>2 (b)<br><br>2 (c) | (i) 6<br>(ii) 4 @ 6 (3+3)<br>(i) Léaráid: 9 Míniú: 8 ( 4 @ 2)<br>(ii) 8<br>(i) 2 @ 5 (2+3)<br>(ii) 2 @ 5 (2+3) | 6 (a)<br><br><br>6 (b)<br><br>6 (c) | (i) 3 @ 5 (2+3)<br>(ii) 3 @ 5 (2+3)<br><br>1@ 7 (3+4) agus 3@6 (3+3)<br><br>4 @ 5 (2+3) |
| 3 (a)<br><br><br><br>3 (b)<br><br><br>3 (c) | (i) 5<br>(ii) 8<br>(iii) 2@4<br>(iv) 4<br>(i) 5<br>(ii) 10<br>(iii) 2 @ 5 (2+3)<br>(i) 7<br>(ii) 2 @ 9 | 7 (a)<br><br>7 (b)<br><br>7 (c) | 4 @ 5 (2+1+2)<br><br>1@ 7 (3+4) agus 3@6 (3+3)<br><br>(i) 3 @ 6 (3+3)<br>(ii) 2 @ 6 (3+3) |
| 4 (a)<br><br>4 (b)<br><br><br>4 (c) | (i) 8<br>(ii) 2 @ 6(3+3)<br>(i) 9<br>(ii) 2 @ 7 (3+4)<br>(iii) 1 @ 7 (3+4)<br>(i) 10<br>(ii) 2 @ 5 (2+3)<br>(iii) 1 @ 5 (2+3) | 8 (a)<br><br><br><br>8 (b)<br>8 (c) | (i) 5<br>(ii) 6<br>(iii) 3<br>(iv) 6<br>1@ 7 (3+4) agus 3@6 (3+3)<br>(i) 3 @ 5 (2+3)<br>(ii) 3 @ 5 (2+3) |

# ROINN A (100 marc)

| C | Freagraí féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| 1 | Is '**praghasghlacadóir'** é an gnólacht san iomaíocht fhoirfe.<br>**(a)** Mínigh an ráiteas seo.<br>Ní mór do gach gnólacht ar leith glacadh leis an bpraghas faoi mar a shocraítear ar an margadh é.<br>Toisc nach soláthraíonn gach gnólacht ach cuid an-bheag ar fad den mhargadh ní féidir leis an ngnólacht dul i gcion ar phraghas an mhargaidh.<br>Tá an t-éileamh leaisteach go huile agus dá méadódh an praghas thar ghnáth-phraghas an mhargaidh thitfeadh an t-éileamh chuig nialas.<br><br>**(b)** Seachas praghasghlacadh, tabhair breac-chuntas ar **dhá** shaintréith de mhargadh atá san iomaíocht fhoirfe.<br>• Saoirse iontrála agus imeachta.<br>• Eolas foirfe ar dhálaí an mhargaidh: bíonn ceannaitheoirí ar an eolas i gcónaí faoi na praghsanna atá á ngearradh ag gnólachtaí agus, ar an ábhar sin, is féidir leo earraí a cheannach ar an bpraghas is saoire. Bíonn gnólachtaí ar an eolas faoi bhrabús gnólachtaí eile sa tionscal.<br>• Earraí aonchineálacha a bhíonn ar díol – bíonn siad an-chosúil ar fad nó mar an gcéanna nach mór.<br>• Líon mór ceannaitheoirí : ní féidir le haon cheannaitheoir ar leith, as a stuaim féin, dul i gcion ar phraghas an mhargaidh trí líon ceannaigh a athrú.<br>• Soláthar lánleaisteach na dtosca táirgeachta; ní thagann ganntanas tosca chun cinn rud a d'ardódh na praghsanna.<br>• Gan aon chlaonpháirteachas ar an margadh: glactar leis nach dtagann gnólachtaí le chéile chun praghsanna / aschur a rialú.<br>• Bíonn sé mar aidhm ag gnólachtaí an méid brabús is féidir a ghnóthú: aschur táirgí chun MC=MR a bhaint amach. | **4**<br>**4**<br><br><br><br><br><br>**2 x 4**<br>(2+2) |
| 2 | *Tá rabhadh tugtha ag an ECFE (OECD) go bhféadfadh ardú ar rátaí úis roimh dheireadh na tréimhse deich mbliana seo an téarnamh sa gheilleagar i limistéar an euro a bhfuiltear ag súil le fada leis, a chur i mbaol.*<br>Tabhair breac-chuntas ar **dhá** iarmhairt eacnamaíochta a d'fheadfadh a bheith ag ardú ar rátaí úis ar gheilleagar na hÉireann.<br>• Moltar gan iasachtaí a fháil / tugtar dídhreasú chun infheistíocht a dhéanamh mar bíonn sé níos costasaí airgead a fháil ar iasacht.<br>• Spreagtar coigilteas mar tiocfaidh méadú ar an toradh ar an gcoigilteas / titfidh fíor-ioncam indiúscartha tomhaltóirí agus tiocfaidh laghdú ar an gcaiteachas sa gheilleagar dá bharr agus d'fhéadfaí go dtiocfadh laghdú ar an éileamh ar tháirgí gnólachtaí nó ar bhrabúis gnólachtaí.<br>• Téann aisíocaíochtaí ús morgáiste níos mó i bhfeidhm ar theaghlaigh atá go mór i bhfiach cheana féin.<br>• Bíonn tionchar ar airgead an rialtais mar tagann méadú ar an gcostas chun an fiachas náisiúnta a sheirbhísiú / laghdú ar ioncam ó cháin mar gheall ar chaiteachas níos lú nó méadú ar ioncam ó DIRT. | **2 x 8**<br>**(4+4)** |

| C | Freagraí féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| 2 | • Cúngú ar chaiteachas agus ar infheistíocht as a dtagann laghdú ar OTI / fás geilleagrach.<br>• Méaduithe ar an gcostas táirgthe / iomaíochas níos lú / is lú seans atá ann go bhfaighfí iasacht nó go leathnófaí, rud a chuireann teorainn leis an acmhainneacht fáis / laghdú ar bhrabúis / praghsanna níos airde chun corrlaigh bhrabúis a choinneáil.<br>• Díolacháin níos lú agus ioncam níos lú as a dtiocfaidh laghdú ar líon na bhfostaithe nó fostaithe reatha á scaoileadh chun bealaigh / dífhostaíocht.<br>• D'fhéadfaí dul i bhfeidhm ar an trádáil idirnáisiúnta mar cuireann rátaí arda úis le luach an euro. Ní bhíonn easpórtálacha Éireannacha chomh hiomaíoch céanna nuair a bhíonn an euro láidir, rud a laghdaíonn an líon easpórtálacha agus a chuireann leis an líon iompórtálacha.<br>• D'fhéadfadh méadú ar iasachtaí neamhthuillmheacha a bheith ann – tá fadhb le fiacha príobháideacha cheana féin. | 12+4 |
| 3 | Is sampla d'**aontas custaim** é an AE. Mínigh an téarma aontas custaim.<br>Is ann d'aontas custaim i gcás ina gcomhaontaíonn na ballstáit na nithe seo a leanas a dhéanamh: Deireadh a chur leis na bacainní trádála ar fad eatarthu agus, ina theannta sin, comhtharaifí eachtracha a chur i bhfeidhm ar iompórtálacha (ó thíortha nach bhfuil san aontas). | 10 |
| 4 | **(a)** Luaigh **Dlí an Toraidh Imeallaigh Laghdaithigh**.<br><br>Luaitear i ndlí an toraidh laghdaithigh:<br>Má bhíonn cainníochtaí méadaitheacha de thoisc inathraitheach táirgeachta curtha le / ag gabháil le cainníocht thugtha de thoisc sheasta táirgeachta, sroichfear céim ar deireadh ina dtiocfaidh laghdú ar an méid a chuirtear leis an aschur iomlán.<br><br>**(b)** Cé acu sa ghearrthréimhse nó san fhadtréimhse a théann dlí seo i bhfeidhm? Mínigh do fhreagra.<br><br>Ní bhíonn feidhm leis ach sa ghearrthréimhse amháin.<br>Cén fáth?<br>Is sa ghearrthréimhse amháin a bhíonn aon ionchur amháin seasta ar a laghad.<br>San fhadtréimhse, bíonn gach ionchur inathraitheach. | 6<br><br>(2 + 4) |

| C | Freagraí féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| 5 | Cuir in iúl le tic (✓) cé acu **FÍOR** nó **BRÉAGACH** atá gach ceann de na ráitis seo a leanas. | **2 x 6**<br>**2 x 2** |

| RÁITEAS | FÍOR | BRÉAGACH |
|---|---|---|
| D'fhéadadh 'áireamh dúbailte' tarlú nuair a bhaintear úsáid as modh an chaiteachais chun gníomhaíocht gheilleagrach a thomhas. | | ✓ |
| Is instealladh i sreabhadh ciorclach an Ioncaim iad easpórtálacha. | ✓ | |
| Tá soláthar in aghaidh dímheasa san áireamh san Olltáirgeacht Intíre (OTI). | | ✓ |
| Déantar tuarastail oidí na mbunscoileanna a chatagóiriú in Éirinn mar íocaíochtaí aistritheacha. | | ✓ |

**6** Luaigh agus mínigh **ceithre** Phrionsabal an Chánachais ag Adam Smith. — **1 x 5**, **3 x 4**

- **Cothromas**
  Dá mhó a thuilleann tú, is ea is mó cánach is ceart duit a íoc i gcoibhneas.
  Ba cheart do chánacha a bheith forchéimnitheach i.e. baintear cion níos airde d'ioncam mar cháin de réir mar a mhéadaíonn an t-ioncam. Ba cheart do dhaoine cánacha a íoc i gcoibhneas lena n-inniúlacht íoctha.
- **Costas Bailithe**
  Ba cheart go mbeadh an t-ioncam a bhailítear níos mó ná na costais bhailiúcháin. Is é is cuspóir leis an gcánachas ioncam a thiomsú.
- **Cinnteacht**
  Ba cheart don mhéid a íoctar a bheith cinnte agus soiléir. Ba cheart go mbeadh a fhios ag an gcáiníocóir cé mhéad atá á íoc, modh na híocaíochta agus uair na híocaíochta. Ba cheart go mbeadh a fhios ag an rialtas cé mhéad ioncaim a gheofar.
- **Áisiúlacht**
  Ba cheart an cháin a bhailiú ar bhealach agus ag tráth a fheileann don cháiníocóir. Is áisiúla an cháin a asbhaint ag an bhfoinse e.g. ÍMAT, CBL


**7** **(a)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bheartas d'fhonn éagothroime ioncaim a laghdú a d'fhéadfadh an rialtas a chur sa mheá. — **2 x 6** (3 + 3)

- D'fhéadfaí sochair leasa a mhéadú nó a choimeád: Chiallódh sé sin go dtabharfaí cúnamh do dhaoine ar ioncam íseal.
- Athruithe cánach: ba cheart cánacha díreacha a dhéanamh níos forchéimnithí e.g. ÍMAT / ná gearr cáin ar na grúpaí ar an ioncam is ísle.
- Cánacha rachmais: Cosúil leis an bhFrainc, d'fhéadfadh an rialtas cáin rachmais a thabhairt isteach agus ansin na cánacha ioncaim a laghdú do dhaoine ar ioncam íseal.
- Dírigh ar theidlíochtaí uilíocha / tástáil acmhainne ar shochar linbh nó díriú ar thuismitheoirí a bhfuil íocaíochtaí leasa á bhfáil acu nó atá ar ioncam íseal.
- An t-íosphá a mhéadú / pá maireachtála a thabhairt isteach / cur i gcoinne cultúr na mbónas cultúr.


| | | |
|---|---|---|
| **7** | • Is féidir le rochtain ar chúram sláinte agus ar shochair oideachais difríocht mhór a dhéanamh ar an ioncam deiridh, á mhéadú go mór do na daoine is boichte agus an bhearna a laghdú idir daoine saibhre agus daoine bochta.<br>• Le cothromas níos mó maidir le rochtain ar an oideachas agus rannpháirtíocht san oideachas go leibhéil níos airde, is féidir dul i bhfeidhm go dearfach ar an tsochaí trí mhíchothromaíocht níos ísle ar ioncam sa gheilleagar.<br>• An difreálach pá idir na hinscní a laghdú trí:<br>➢ Fostaithe a spreagadh solúbthacht níos mó san ionad oibre a thairiscint chun mná a mhealladh ar ais chuig an ionad oibre<br>➢ Caiteachas níos mó ar shochair theaghlaigh chun tuilleadh ban a spreagadh le dul ag obair nó le dul ar ais ag obair.<br>➢ Saoire thuismitheoireachta chomhroinnte a cheadú.<br>• Sócmhainní a fhorbairt do theaghlaigh a bhíonn ag obair:<br>➢ Pleananna scoir<br>➢ Creidmheas i leith coigilteas<br>➢ Rochtain ar sheirbhísí airgeadais cothroma ar chostas íseal agus úinéireacht tí.<br><br>**(b)** Tabhair breac-chuntas ar dhúshlán **amháin** do gheilleagar na hÉireann a d'fhéad-fadh a bheith ag baint le laghdú éagothroime ioncaim.<br>• Méadú féideartha ar chostais do ghnólachtaí, rud a rachadh i bhfeidhm ar an iomaíochas.<br>• D'fhéadfadh sé sin a bheith boilscitheach dá gcuirfí an costas méadaithe sin ar aghaidh chuig an tomhaltóir.<br>• Méadú féideartha ar chaiteachas an rialtais agus/nó laghdú ar ioncam.<br>• Méadú ar an dífhostaíocht má thagann laghdú ar earraí agus ar sheirbhísí mar thoradh air sin.<br>• Deischostas: costas na roghanna eile a tharscaoiltear. | **2 x 6**<br>(3 + 3)<br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>**1 x 5** |
| **C** | **Freagraí féideartha** | **Marcanna** |
| **8** | Tabhair breac-chuntas ar **thrí** iarmhairt eacnamaíochta a bhainfeadh le haois scoir na n-oibrithe san earnáil phoiblí a ardú go 70 bliain d'aois.<br>• Toisc go mbeidh daoine ag obair níos faide, beidh siad ag cur le hioncam an rialtais agus iad ag leanúint de chánacha a íoc / cumas tuillte níos mó / scor níos sláine / cur le hioncam scoir.<br>• Éileamh níos mó ar earraí agus ar sheirbhísí mar is airde tuarastail ná pinsin, mar sin d'fhéadfaí poist bhreise a chruthú mar aon le fás geilleagrach.<br>• Laghdú ar chaiteachas rialtais ar phinsin, rud a fhágann go bhfuil ioncam sa bhreis le fáil le caitheamh ar sheirbhísí eile.<br>• D'fhéadfadh sé feabhas a chur ar chaighdeán beatha agus ar shláinte oibrithe, rud a rachaidh chun tairbhe na sochaí.<br>• D'fhéadfaí é a mheas mar rud atá i gcoinne oibrithe agus míchothrom mar go mbeadh an deis ag daoine saibhre i gcónaí é a ghlacadh go réidh agus dul ar scor ag aois níos óige / oibrithe mionlaigh agus oibrithe ar ioncam íseal is mó a bheidh thíos leis. | **6 + 6 + 5**<br><br>6 (3+3)<br>6 (3+3)<br>5 (3+2) |

| | | |
|---|---|---|
| **9** | (a) Sainmhínigh an téarma **idirdhealú praghsanna**<br><br>Praghsanna difriúla a ghearradh ar an táirge céanna do thomhaltóirí éagsúla (i gcodanna difriúla den mhargadh) ag cóimheasa éagsúla idir costas imeallach agus praghas. Ní léirítear leis an éagsúlacht sa phraghas éagsúlachtaí sna costais.<br><br>(b) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** choinníoll atá riachtanach chun go mbeadh idirdhealú praghsanna ann.<br><br>**Roinnt monaplachta / cumhacht margaidh**<br>Ní mór do ghnólachtaí cumas éigin a bheith acu an praghas margaidh a athrú tríd an éileamh, an soláthar nó an dá cheann a rialú.<br><br>**Deighilt margaí / cumas teoranta an táirge a dhíol**<br>Cinntíonn sé sin nach féidir an t-earra a cheannaítear sa mhargadh ina bhfuil an praghas íseal a thairiscint le díol arís sa mhargadh ina bhfuil an praghas ard. Is gá nach mbeadh cumas ag an tomhaltóir an táirge a athdhíol e.g. ní féidir coinní fiaclóra a athdhíol.<br><br>**Praghasleaisteachais dhifriúla éilimh ag an tomhaltóir / cuair dhifriúla éilimh**<br>Léiríonn tomhaltóirí difriúla íogaireachtaí difriúla do phraghas i.e. bíonn praghasleaisteachais dhifriúla éilimh acu. Gearrann an t-idirdhealaitheoir praghsanna níos airde ar thomhaltóirí ag a bhfuil éileamh neamhleaisteach agus praghsanna níos ísle ar thomhaltóirí ag a bhfuil éileamh leaisteach. | **8**<br><br><br><br><br>**3 x 3** |

## C1 Éileamh, Cothromaíocht sa Mhargadh, Barrachas an tomhaltóra

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (a) (i) | Déan idirdhealú idir **gluaiseacht** feadh chuar an éilimh agus **bogadh** i gcuar an éilimh. | |
| | Gluaiseacht feadh chuar an éilimh: Tarlóidh gluaiseacht feadh chuar an éilimh mar gheall ar athrú ar phraghas díola an earra féin (ach rudaí eile a bheith cothrom) agus tugtar athrú ar an gcainníocht a éilítear air sin. | **5** |
| | Athrú ar chuar an éilimh: Tarlóidh athrú ar chuar an éilimh mar gheall ar athrú ar cheann de na tosca eile seachas praghas agus tugtar athrú ar an éileamh air sin, ar gach aon phraghas. | **5** |
| (ii) | Mínigh, le cabhair léaráide de sholáthar agus d'éileamh, an dóigh a bhfillfeadh margadh ar an gcothromaíocht tar éis farasbairr (soláthar iomarcach) sa mhargadh. | **9** (9 x 1) |
| |  | |
| | Tugann rósholáthar (barrachas) sa mhargadh le tuiscint gurb airde an praghas ná praghas an mhargaidh mar atá léirithe sa léaráid thuas. | |
| | • I gcás ina bhfuil rósholáthar nó barrachas earra ann, ní féidir le soláthraithe na hearraí ar fad a theastaíonn uathu a dhíol ag an bpraghas reatha. Tagann méadú ar na stoic a bhíonn ag díoltóirí agus freagraíonn siad don bharrachas sin trí phraghsanna a laghdú/ freagraíonn díoltóirí áirithe sa mhargadh don phraghas laghdaithe tríd an líon earraí atá siad sásta a dhíol a laghdú.<br>• De réir mar a laghdaíonn na praghsanna, cuirtear ina luí ar thomhaltóirí áirithe earraí breise a cheannach, agus tarlaíonn gluaiseacht feadh chuar an éilimh dá réir.<br>• Leanann na praghsanna ag titim go dtí go mbaintear cothromaíocht amach sa mhargadh san áit a mbíonn Qd = Qs | **6**<br><br>**25** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (b)<br><br><br>(i) | *Rinne úinéirí ionad ceoil taighde margaidh ar éileamh na dtomhaltóirí ar thicéid ar phraghsanna difriúla. Is é 400 duine an líon iomlán daoine a thógann an t-ionad ceoil. Taispeántar an t-eolas a fuair siad sa tábla thíos.*<br>Agus tú ag baint úsáid as na sonraí thuas, tarraing cuar an éilimh agus cuar an tsoláthair don ionad ceoil seo, agus taispeáin praghas agus cainníocht na dticéad ar a raibh an margadh seo i gcothromaíocht. | |




**Léaráid: 13 mharc**
Lipéid: P, Q, D/C, S/C, $P_E$, $Q_E$ : 6 x 1 mharc
S/C ingearach ag 400 aonad: 2 mharc
5 phointe ar D/C (5 x 1) = 5 mharc

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (ii) | Mínigh an chúis atá leis an gcruth atá ar chuar an tsoláthair don ionad ceoil seo<br><br>Beag beann ar an bpraghas, is é 400 aonad an méid sheasta a sholáthrófar / fiú má bhíonn praghas €100 i gceist, ní bheidh an t-ionad in ann ach 400 duine a ghlacadh.<br><br>Tá sé go hiomlán neamhleaisteach / ingearach, a léiríonn go bhfuil acmhainneacht iomlán / sheasta 400 duine ag an ionad. | **6** |

**Mura dtagraítear do 400: -1m**


| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(iii)** | Mínigh na téarmaí **barrachas an tomhaltóra** agus **ioncam iomlán.**<br><br>Is ionann **barrachas an tomhaltóra** agus an difríocht idir an méid a d'íoc an tomhaltóir ar tháirge agus an t-uasmhéid a bhí sé/sí toilteanach a íoc ar an táirge seachas a bheith dá uireasa.<br><br>**Ioncam Iomlán:** an t-ioncam iomlán a fhaightear ó dhíolacháin i.e. Praghas x Cainníocht a dhíol. | **6**<br><br>**6** |
| **(iv)** | Ar an léaráid a tharraing tú i gcuid (i) thuas, taispeáin go soiléir limistéar bharrachas an tomhaltóra **agus** limistéar an ioncaim iomláin i gcothromaíocht. | **2 + 2**<br><br>**35** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(c)**<br>**(i)** | Ríomh an t-**ioncam iomlán** ó dhíolacháin na dticéad don ionad thuas, má bhíonn an teach lán. **Taispeáin do chuid oibre**.<br><br>400 x €60 = €24,000 | **6** |
| **(ii)** | Mínigh conas a d'fheadfadh úinéirí an ionaid cheoil sochar a bhaint as eolas ar an gcoincheap **barrachas an tomhaltóra**.<br><br>Tuigeann úinéirí an ionaid go mbeidh tomhaltóirí áirithe sásta praghsanna níos airde a íoc le dul chuig an ionad ná mar a bheidh tomhaltóirí eile. Trí roghanna beagáinín difriúil a thairiscint tá an gnólacht in ann tomhaltóirí atá toilteanach praghsanna níos airde a íoc a scaradh ó thomhaltóirí eile.<br><br>D'fhéadfadh na húinéirí praghsanna ní b'airde a ghearradh chun an barrachas sin a bhaint amach. Rud éigean sa bhreis a thairiscint do thomhaltóirí áirithe – ticéid níos gaire don stáitse; áit suite in ionad áit seasaimh; a bheith in ann ticéid a cheannach roimh thomhaltóirí eile; casadh leis na bannaí / taibheoirí; ticéid séasúir etc.<br><br>Dá ngearrfaí an praghas is airde atá tomhaltóirí sásta a íoc, ansin d'fhéadfadh úinéirí an ionaid ceoil barrachas an tomhaltóra a aistriú ina ioncam agus, dá bhrí sin, d'fhéadfaidís cur lena mbrabús.<br><br>Má thuigeann gnólachtaí beaga barrachas an tomhaltóra, is fearr is féidir leo cinntí a dhéanamh maidir le praghsanna a shocrú. Tomhaltóirí a fhaigheann tairbhí móra i.e. barrachas tomhaltóra mór as táirgí nó seirbhísí a cheannach, is dócha go gceannóidh siad arís iad ina dhiaidh sin. | **9**<br>céimnithe<br><br>**15** |

## C2 Olagaplacht agus tionscal an árachais gluaisteán

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (a) (i) | Déan cur síos ar an dóigh a dtéann gnólachtaí sa struchtúr margaidh seo in iomaíocht lena chéile.<br><br>**Iomaíocht neamhphraghais:**<br>Toisc gur **gar-ionadaithe** atá sna táirgí, téann gnólachtaí in iomaíocht ar cháilíocht an táirge; ráthaíochtaí; na seirbhíse iardhíola; promóisin díolacháin e.g. "ceannaigh ceann, faigh ceann in aisce"; scéimeanna dílseachta. D'fhéadfadh gnólachtaí díriú ar an áisiúlacht, pacáistiú, fógraíocht, promóisin, fógraíocht agus brandáil. Cé go mbíonn na táirgí an-chosúil lena chéile, déanann na gnólachtaí iarracht difreáil a dhéanamh eatarthu (difreáil táirgí) e.g. tabhairt faoi phromóisin mhóra dílseachta don táirge / ar aithint an bhranda agus ar dhílseacht don bhranda a bhíonn an bhéim.<br><br>**-2m mura luaitear difreáil táirgí** | **6** |
| (ii) | Déan plé ar na buntáistí agus ar na míbhuntáistí a bhaineann leis an olagaplacht mar struchtúr margaidh.<br><br>**Áitítear leis na buntáistí féideartha:**<br><br>**Cobhsaíocht sna praghsanna / inchomparáideacht praghsanna**<br>Má bhíonn gnólachtaí ag gabháil don iomaíocht neamhphraghais, bíonn praghsanna cobhsaí de ghnáth agus cuireann sé seo ar chumas tomhaltóirí pleanáil chun cinn agus a gcaiteachas a chobhsú. Is furasta praghsanna a chur i gcomparáid mar níl ann ach líon beag gnólachtaí, agus cuireann sé sin iallach ar na gnólachtaí praghsanna iomaíocha a shocrú, rud atá go maith do thomhaltóirí.<br><br>**Leibhéil an bhrabúis**<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh ar ghnólachtaí cuid dá mbrabús a thabhairt suas chun custaiméirí a choinneáil nó chun gearradh faoi ghnólachtaí eile / d'fhéadfadh sé go rachadh brabús ard chun tairbhe an rialtais mar thoradh ar ioncam níos mó ó chánachas / b'fhéidir go mbeadh ar chumas gnólachtaí taighde agus forbairt a dhéanamh.<br><br>**Caighdeán an táirge / na seirbhíse**<br>D'fhéadfadh gnólachtaí caighdeán na dtáirgí a fheabhsú chun tomhaltóirí a mhealladh agus a choinneáil. Bíonn caighdeán níos fearr, seirbhísí níos minice agus uasghráduithe eile á soláthar ag gnólachtaí chun go bhfanfadh na tomhaltóirí dílis.<br><br>**Buntáistí na fógraíochta**<br>D'fhéadfadh tomhaltóirí a bheith ar an eolas níos fearr mar thoradh ar an bhfógraíocht. D'fhéadfadh sé sin am agus airgead a spáráil ar thomhaltóirí agus iad sa tóir ar earraí agus seirbhísí agus ag foghlaim fúthu. D'fhéadfadh an fhógraíocht borradh a chur faoin nuálaíocht, faoin bhforbairt theicneolaíoch agus faoi tháirgí agus seirbhísí níos fearr.<br><br>**Féidearthacht maidir le praghsanna níos ísle**<br>D'fhéadfaí barainneachtaí scála a chur ar aghaidh chuig an tomhaltóir i bhfoirm praghsanna níos ísle. Dá nglacfadh na gnólachtaí sin straitéis an-iomaíoch, d'fhéadfaidís tairbhí a bhaint amach atá cosúil le struchtúir mhargaidh níos iomaíche, amhail praghsanna níos ísle.<br><br>**Fostaíocht sheasmhach**<br>D'fhéadfadh an fhostaíocht sa tionscal a bheith níos seasmhaí de bharr nach bhfuil mórán iomaíochta idir gnólachtaí. | **2 x 6** (3+3) |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(ii)** | **Áirítear leis na míbhuntáistí féideartha:**<br><br>**Brabúis osnormálta**<br>Is ann do mheánbhacainní agus bacainní arda ar iontráil, rud a fhágann nach féidir le gnólachtaí nua dul in iomaíocht le brabúis osnormálta. Is féidir brabúis osnormálta a ghnóthú ach is é an tomhaltóir a bheidh thíos leis.<br>Easpa nuálaíochta de bharr brabúis osnormálta.<br><br>**Praghsanna níos airde**<br>Má bhíonn gnólachtaí ag obair as lámha a chéile agus má shocraíonn siad praghas ard a ghearradh, ní rud maith don tomhaltóir é sin.<br>D'fhéadfadh gnólachtaí teacht le chéile leis an aschur sa tionscal agus/nó le praghsanna a rialú. Laghdaítear an iomaíocht de bharr cairtéal agus iompraíocht den chineál sin, agus bíonn praghsanna níos airde ann dá bharr.<br><br>**Iarmhairtí cairtéal / claonpháirteachais**<br>Bíonn sé deacair an praghas agus an t-aschur a thuar mar gheall ar chomh-idirspleáchas. D'fhéadfadh claonpháirteachas a bheith ann dá gcomhoibreodh gnólachtaí le chéile le gníomhú ar nós gur monaplaí iad, rud a chuirfeadh leis na brabúis. Ní féidir le gnólachtaí cinntí neamhspleácha a dhéanamh, agus cuireann sé sin srian ar an iomaíocht.<br><br>**Rogha níos srianta**<br>Le ciondálacha comhchruinnithe arda, laghdaítear an rogha a bhíonn ar fáil don tomhaltóir i dtéarmaí táirgí / seirbhísí.<br><br>**Cosc ar ghnólachtaí nua teacht isteach sa tionscal/bacainn ar theacht isteach**<br>Bíonn sé an-deacair ar ghnólachtaí nuathionscanta toisc go gcuireann fógraíocht/brandáil gnólachtaí móra seanbhunaithe srian ar nochtadh na ngnólachtaí nua.<br>Bíonn gnólachtaí nua faoi mhíbhuntáiste mór ó thaobh costas de mar gheall ar na barainneachtaí scála a bhaineann le héileamh de bharr fógraíochta agus sciar den mhargadh. Is ann do bhacainní eile ar an iontráil amhail paitinní agus gan a bheith in ann teacht ar sholáthraithe ábhar agus comhpháirteanna do tháirgí. Cuireann scéimeanna dílseachta láidre bac ar ghnólachtaí nua freisin. | **2 x 6**<br>(3 + 3)<br><br>**30** |

<table>
<tr><td></td><td>Freagraí féideartha</td><td>Uas-Mharc</td></tr>
<tr><td>(b)<br>(i)</td><td>Mínigh, le cuidiú léaráide atá lipéadaithe go soiléir, cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta atá ag feidhmiú faoi choinníollacha olagaplachta.<br><br>Léaráid:<br><br>
<br><br>Ais an phraghais / Ais na cainníochta / C/É a bhfuil cor ann / Cuar suntasach II / CI / MCh / $P_1$ / $C_1$ / Pointe G<br><br>Míniú:<br>1. Tarlaíonn cothromaíocht ag áit a bhfuil (a) CI = II agus (b) CI ag ardú.<br>2. Táirgfidh an gnólacht $C_1$ agus díolfaidh siad an t-aschur seo ar phraghas $P_1$<br>3. Taispeántar costas táirgthe an ghnólachta ag pointe G.<br>4. Má ardaíonn na costais idir pointí E agus D, is gnách go bhfanann praghas an mhargaidh tairiseach seasmhach ag $P_1$.<br>nó<br>5. Tá an gnólacht seo ag tuilleamh Brabús Osnormálta mar go bhfuil MI níos mó ná MCh nó go bhfuil bacainní ar iontráil ann. (MI>MCh)</td><td>9<br>( 9 x 1)<br><br>8<br>( 4 x 2 )</td></tr>
<tr><td>(ii)</td><td>Agus tú ag tagairt do chuar an éilimh a bhfuil ‘cor’ ann a tharraing tú i gcuid (i) thuas, mínigh an bunús atá le ‘dolúbthacht praghsanna’.<br><br>Bheadh eagla ar an ngnólacht an praghas a ardú thar phraghas $P_1$ mar nach n-athróidh gnólachtaí eile a bpraghsanna agus mar sin caillfidh an gnólacht seo mórán custaiméirí/ titfidh an t-ioncam iomlán.<br><br>Bheadh eagla ar an ngnólacht an praghas a laghdú faoi bhun $P_1$ mar go gcreideann sé go meaitseálfaidh gnólachtaí eile an laghdú seo agus nach meallfaidh an gnólacht seo ach beagán custaiméirí breise / tá an méadú éilimh coibhneasta níos lú ná an laghdú sa phraghas agus titeann an t-ioncam iomlán.<br><br>Bíonn C/É a bhfuil cor ann mar thoradh air seo agus ní bhíonn aon dreasacht ann an praghas a athrú ó $P_1$.</td><td>8<br>céimnithe<br><br>25</td></tr>
</table>


<table>
<tr><th></th><th>Freagraí féideartha</th><th>Uas-Mharc</th></tr>
<tr><td>(c)<br><br>(i)</td><td>‘Soláthraithe árachas gluaisteán in Éirinn faoi scrúdú le linn fiosrú frithchairtéil.’<br>(Foinse: The Irish Times, Iúil 2017)<br>Mínigh na slite is dócha a rachadh claonpháirteachas i dtionscal an árachais ghluaisteán (e.g. comhaontú cairtéil) i bhfeidhm ar thomhaltóirí, dá mbeadh a leithéid ann.<br><br>Praghsanna níos airde /nach bhfuil chomh iomaíoch céanna<br>Is éard atá i gceist leis an gclaonpháirteachas go bhféadfadh sé go socródh gnólachtaí nach laghdóidís praghsanna agus mar sin, íocann custaiméirí praghsanna níos airde agus ní féidir leo meastachán níos iomaíche a fháil mar gheall go bhfuil comhaontú ann idir na gnólachtaí.<br><br>Rogha níos srianta<br>Má dhéanann gnólachtaí socrú nach rachaidh siad in iomaíocht lena chéile, d’fhéadfadh sé go mbeadh rogha ní ba lú ag tomhaltóirí maidir leis; na cineálacha árachais atá ar fáil; an méid cumhdaigh atá ar fáil; na buntáistí a bhaineann le polasaithe éagsúla, etc.<br><br>Tuilltear brabús osnormálta<br>Is é aidhm na ngnólachtaí a théann i gclaonpháirt (chun srian a chur ar an aschur/smacht a choinneáil ar an bpraghas) ná an brabús is mó is féidir a dhéanamh nó brabús monaplachta a thuilleadh. Má éiríonn lena leithéid de shocrú, bíonn gnólachtaí olagaplacha in ann brabús monaplachta a thuilleamh don tionscal ina iomláine / brabús osnormálta a dhéanamh agus is é an tomhaltóir a bhíonn thíos leis.</td><td>2 x 5<br>(2+3)</td></tr>
<tr><td>(ii)</td><td>Mol dhá bheart a d’fhéadfadh an rialtas a chur san áireamh chun cleachtais fhrithiomaíocha sa tionscal a dhídhreasú. Mínigh do fhreagra.<br><br>Cosaint/ oideachas / feasacht tomhaltóirí a fheabhsú<br>D’fhéadfaidís oideachas agus feasacht tomhaltóirí a chur chun cinn. D’fhéadfadh sé a thuilleadh tuairisciú ar chleachtais fhrithiomaíocha a fheiceann tomhaltóirí a spreagadh. D’fhéadfadh sé a mholadh do thomhaltóirí an margadh is fearr a chuardach agus breathnú ar na roghanna atá ar fáil dóibh e.g. soláthróir eile a úsáid/‘Bonkers’ a úsáid. Cuireann an Banc Ceannais ceangal ar árachóirí eolas cruinn a thabhairt do thomhaltóirí nuair a dhíoltar polasaithe leo agus nuair a athnuaitear polasaithe.<br><br>Rialú an tionscail a fheabhsú<br>D’fhéadfadh sé go gcuirfeadh rialú ní b’fhearr i gcoinne cleachtais fhrithiomaíocha sa tionscal. D’fhéadfadh an tÚdarás Iomaíochta ní ba mhó a dhéanamh chun iomaíocht sna margaí a spreagadh ar mhaithe le cearta tomhaltóirí a chosaint. D’fhéadfadh an Rialtas reachtaíocht dhian fhrithiomaíoch a thabhairt isteach. D’fhéadfadh sé iallach a chur ar árachóirí míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcuirtear praghsanna ar pholasaithe. D’fhéadfadh sé síneadh a chur leis an tréimhse athnuaite ionas go mbeadh tomhaltóirí in ann an margadh is fearr a chuardach.<br><br>Imscrúdú níos fearr a dhéanamh nuair a líomhnaítear go bhfuil easpa iomaíochta ann<br>D’fhéadfadh an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú a dhéanamh nuair a sháraítear an dlí iomaíochta agus beart cuí a ghlacadh. D’fhéadfadh sé moltaí a thabhairt don rialtas maidir leis an gcaoi ar féidir iomaíocht a chosaint agus a fheabhsú sa gheilleagar. D’fhéadfadh Coimisiún Iomaíochta an AE fíneálacha níos mó/tréimhsí príosúnachta níos faide a ghearradh ar chiontóirí.<br><br>An tionscal a dhírialáil<br>D’fhéadfadh an rialtas iarracht a dhéanamh an tionscal a dhírialáil. Bacainní níos lú ar iontráil / fás gnólachtaí beaga a spreagadh chun deireadh a chur leis an neamhéifeachtúlacht agus chun leithdháileadh acmhainní níos fearr a spreagadh.</td><td>2 x 5<br>(2+3)<br><br>20</td></tr>
</table>

## C3 Costais, Praghasleaisteachas an tSoláthair, An Tionchar atá ag Titim i luach an steirling

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (a) | Taispeánann an tábla thíos aschur agus costas iomlán gnólachta. Is é €30 an praghas díola seasta atá ar tháirge an ghnólachta is cuma cén t-aschur a bhíonn ann. | |
| (i) | Sainmhínigh an téarma **costas imeallach**.<br>**An t-athrú/costas breise a chuirtear ar an gcostas iomlán** mar thoradh ar **aonad breise aschuir amháin** a tháirgeadh. | 5 |
| (ii) | Tarraing agus lipéadaigh go soiléir graf a léireoidh an costas imeallach ag gach leibhéal aschuir. | |

| Aschur (aonaid) | 0 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Costas Iomlán(€) | 20 | 40 | 50 | 65 | 85 | 115 | 160 | 210 |

| Aschur (aonaid) | 0 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Costas Iomlán(€) | 20 | 40 | 50 | 65 | 85 | 115 | 160 | 210 |
| CI (€) | | 20 | 10 | 15 | 20 | 30 | 45 | 50 |




**<u>Léaráid: 8</u>**

CI: 7 phointe x 1 mharc.

Lipéad: 1 mharc

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (iii) | Cuir in iúl ar an ngraf a tharraing tú leibhéal an aschuir a thugann an t uasbhrabús **agus** mínigh do fhreagra.<br><br>**Míniú:**<br>Tarlaíonn uasmhéadú brabúis mar a bhfuil CI = II.<br>Is é an II don táirge seo €30.<br>Tarlaíonn uasmhéadú brabúis don táirge seo ag leibhéal aschuir 5 aonad<br><br>A fhad agus atá an t-ioncam imeallach níos mó ná an costas imeallach, cuireann sé leis an mbrabús an chainníocht a mhéadú. Ag CI =II ní mhéadaítear an brabús agus ní laghdaítear é. | **2+2**<br><br>**4** |
| (iv) | Ríomh an brabús a thuilltear ag an leibhéal aschuir seo a thugann an t uasbhrabús.<br>II – IC<br>(P x C) = €30 x 5 = €150<br>€150 - €115 = €35 | **4**<br><br>**25** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (b)<br>(i) | Sainmhínigh an téarma **praghasleaisteachas an tsoláthair (PES)**.<br><br>Is ionann é agus an t-athrú céatadáin sa chainníocht a sholáthraítear / arna roinnt ar an athrú céatadáin sa phraghas.<br>Déanann praghasleaisteachas an tsoláthair tomhas ar a íogaire / a fhreagrúla is atá an chainníocht a sholáthraítear d'athruithe sa phraghas. | **5** |
| (ii) | Mínigh, le cuidiú sampla, cén fáth a bhféadfadh difríocht a bheith ann idir an PES san fhadtréimhse agus an PES sa ghearrthréimhse.<br><br>**Sa ghearrthréimhse, níl an chainníocht a sholáthraítear an-fhreagrúil don phraghas.** D'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair ar ghnólachtaí freagra a thabhairt ar athrú sa phraghas tríd an aschur a athrú. Ní féidir le gnólachtaí méid na monarchana ná an cumas táirgthe a athrú go héasca sa ghearrthréimhse chun níos mó den earra a dhéanamh ach d'fhéadfadh sé go mbeadh solúbthacht áirithe acu.<br>(-1m mura dtugtar sampla)<br><br>**Bíonn an soláthar níos leaistí san fhadtréimhse** ná sa ghearrthréimhse mar gur féidir an cumas táirgthe a athrú san fhadtréimhse. Méadaíonn freagra an tsoláthair mar go mbíonn níos mó ama ann chun oiriúnú a dhéanamh. Thar thréimhsí níos faide, bíonn níos mó ama ag gnólachtaí agus bíonn siad in ann monarchana nua a thógáil, baill nua foirne a fhostú agus infheistiú a dhéanamh sa chaipiteal agus sa trealamh<br>(-1m mura dtugtar sampla)<br><br>Tógann sé am freagairt d'athrú praghais. San fhadtréimhse, is féidir leis an ngnólacht an scála táirgeachta a mhéadú ach níos mó tosca táirgeachta a úsáid. I dtionscal iomaíoch gan an iomarca bac, beidh a thuilleadh gnólachtaí in ann dul isteach sa tionscal san fhadtréimhse. | **10**<br>céimnithe |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(iii)** | Déan plé ar **dhá** thoisc, seachas an tréimhse ama, a mbíonn tionchar acu ar PES táirge.<br><br>• **An cineál táirge /chomh héasca atá sé stoc a stóráil**<br>Is féidir le gnólachtaí áirithe stoc den táirge a chruinniú le gur féidir leo freagairt d'athruithe sa phraghas i slí níos solúbtha. Bíonn praghasleaisteachas an tsoláthair níos leaistí sna tionscail sin ná mar a bhíonn i gcás na dtionscal ina bhfuil sé deacair a leithéid a dhéanamh. Bíonn roinnt mhaith táirgí somheata, seasta ó thaobh an tsoláthair de nó tógann sé tamall fada iad a tháirgeadh. Ní féidir leis na táirgí freagairt d'athruithe sa phraghas i.e. tá an soláthar neamhleaisteach e.g. barra.<br><br>• **An bhfuil an gnólacht ag feidhmiú ag an gcumas lán táirgthe**<br>Má bhíonn sé ar chumas gnólachta tuilleadh earraí a tháirgeadh leis na hacmhainní atá aige cheana, beidh an soláthar leaisteach mar gur féidir leis an ngnólacht an táirgeacht a mhéadú. Mar sin féin, má bhí sé ag feidhmiú ag an gcumas lántáirgthe cheana, ní fhéadfadh sé freagairt go tapa do mhéadú ar an bpraghas margaidh mar sin d'fhéadfadh an soláthar a bheith neamhleaisteach. Má tá lucht saothair agus amhábhair ar fáil go héasca, is fusa an táirgeadh a mhéadú.<br><br>• **Inaistritheacht na dtosca táirgeachta**<br>Úsáideann gnólachtaí acmhainní le gur féidir an brabús is mó a bhaint amach. Mar sin, má tá tosca inaistrithe, beidh leaisteachas an tsoláthair leaisteach d'earraí ar mhéadaigh a gcuid praghsanna mar gur féidir le gnólachtaí acmhainní a aistriú chun na hearraí sin a tháirgeadh.<br><br>• **Méid an lucht oibre speisialaithe nó an méid caipitil a úsáidtear sa táirgeadh**<br>Bíonn lucht oibre/innealra speisialaithe ag teastáil chun earraí áirithe a tháirgeadh. Mura bhfuil lucht oibre nó innealra den chineál sin ar fáil láithreach, bíonn sé deacair do ghnólacht freagairt don athrú ar an bpraghas margaidh – bheadh an soláthar neamhleaisteach.<br><br>• **Chomh héasca agus atá sé athrú ó mhodh táirgthe amháin go modh táirgthe eile**<br>Más féidir le gnólachtaí an chaoi a dtáirgtear earraí a athrú go tapa, bíonn an soláthar níos leaistí de ghnáth.<br><br>• **Coinníollacha costas táirgeachta**<br>Más féidir an táirgeadh a mhéadú ón ngnáth-aschur gan an costas aonaid a mhéadú, méadóidh cainníochtaí atá á soláthar go suntasach nuair a mhéadaíonn an praghas margaidh. i.e. tá an soláthar leaisteach. Ach má thagann méadú ar an gcostas aonaid nuair a mhéadaítear an táirgeadh, ní mhéadóidh cainníochtaí atá á soláthar nuair a ardaíonn an praghas margaidh.<br><br>• **Táirgí i gcomhsholáthar**<br>Nuair atá dhá tháirge á soláthar ag gnólacht, beidh soláthar an dá tháirge níos leaistí ná mar a bheadh sé dá mbeadh earra amháin á tháirgeadh. Má ardaítear an praghas atá ar cheann amháin de na táirgí, is féidir na tosca táirgeachta a aistriú réasúnta tapa chun níos mó den táirge áirithe sin a tháirgeadh.<br><br>**Ní mór tagairt a dhéanamh do leaisteach / neamhleaisteach: -1 mharc** | **2 x 5 (2+3)**<br><br>**25** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** **(i)** | Tabhair breac-chuntas ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag titim i luach Steirling (£) in aghaid an euro (€) ar an bpraghas a íocann tomhaltóirí sa Ríocht Aontaithe ar tháirgí as Éirinn.<br><br>Má laghdaítear luach an steirling, beidh earraí as Éirinn níos costasaí sa Ríocht Aontaithe. **Beidh ar thomhaltóirí sa Ríocht Aontaithe níos mó a íoc ar earraí as Éirinn.** Má tá luach an steirling níos ísle ar bhonn seasmhach, beidh praghsanna níos airde ar earraí as Éirinn i ngeilleagar na Ríochta Aontaithe, mar a tharla cheana. D'fhéadfadh sé nach ngearrfadh díoltóirí áirithe an praghas ní b'airde mar gur mhaith leo an sciar den mhargadh a choimeád. | **7** |
| **(ii)** | Mínigh conas a d'fhéadfadh eolas ar **phraghasleaisteachas an éilimh (PED)** a bheith ina chuidiú ag easpórtálaithe in Éirinn a dteastaíonn uathu a n ioncam iomlán ó dhíolacháin a uasmhéadú i margadh na Ríochta Aontaithe.<br><br>**Má tá éileamh neamhleaisteach ar earra s**a chás sin, bíonn deis ag gnólacht an praghas a mhéadú go mór mar go dtuigeann siad nach dtiocfaidh mórán athraithe ar an gcainníocht a éilítear agus, ar an iomlán, go méadófar ioncam ó dhíolacháin. (Má tá an t-éileamh ar tháirge neamhleaisteach, ba cheart go méadódh an t-ioncam iomlán ó dhíolacháin dá n-ardófaí praghas an táirge).<br>Má tá praghasleaisteachas an éilimh neamhleaisteach i margadh na Ríochta Aontaithe, d'fhéadfadh sé go socrófaí go n-ardófaí an praghas.<br><br>**Má tá an t-éileamh ar an táirge leaisteach** d'fhéadfadh sé go mbeadh eagla ar an ngnólacht an praghas a ardú. D'fhéadfadh go mbeadh eagla orthu mar gheall go dtitfidh an chainníocht a éilítear faoi mhéid mór i gcoibhneas agus mar sin, laghdófaí ioncam díolacháin iomláin. (Nuair a bhíonn an t-éileamh atá ar tháirge leaisteach, ba cheart go laghdódh an méadú ar an bpraghas an t-ioncam díolacháin iomláin).<br>Má tá praghasleaisteachas leaisteach i margadh na Ríochta Aontaithe, d'fhéadfadh go mbeartóidís gan an praghas a ardú.<br><br>Nó<br>Má bhíonn an freagra nasctha le cuid (i)<br><br>Ciallaíonn laghdú ar luach steirling go mbeidh ar easpórtálaithe in Éirinn praghas steirling an táirge a mhéadú i margadh na Ríochta Aontaithe más mian leo an t-ioncam céanna a thuilleamh agus a thuilltear leis an euro. Mar sin féin, beidh eolas ar phraghasleaisteachas an éilimh (leaisteach/neamhleaisteach) úsáideach chun cinneadh a dhéanamh cibé ar chóir nó nár chóir an praghas don tomhaltóir a mhéadú mar gheall ar laghdú ar luach an steirling.<br><br>**Leaisteach-Neamhleaisteach/ Míniú/ Tagairt do mhargadh na Ríochta Aontaithe** | **2 x 9 céimnithe**<br><br>**25** |

**C4 Táirgiúlacht an tsaothair, barainneachtaí scála agus soghluaisteacht oibrithe**

| | **Freagraí féideartha** | **Uas-Mharc** |
|---|---|---|
| **(a) (i)** | Sainmhínigh an téarma **táirgiúlacht an tsaothair**.<br>An t-aschur a tháirgeann gach oibrí in aghaidh tréimhse ama e.g. in aghaidh na huaire/ na seachtaine / na bliana. | **8** |
| **(ii)** | Mínigh an dóigh a bhféadfadh gnólacht táirgiúlacht an tsaothair a mhéadú.<br>• **Oideachas / oiliúint / athoiliúint**<br>Méadófar an leibhéal scileanna / beidh oibrithe in ann tascanna a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla. Feabhsaíonn táirgiúlacht go díreach agus d'fhéadfadh sé go gcothófaí gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhfuil leibhéal scileanna níos airde ag teastáil chucu.<br>• **Scéimeanna dreasachta a thabhairt isteach / coinníollacha oibre feabhsaithe**<br>Tabhair luach saothair do na hoibrithe a mhéadaíonn táirgiúlacht. Méadaigh an ráta íosphá. Tugtar ardú meanman don lucht saothair agus cuirtear iarracht tháirgiúil chun cinn san áit oibre.<br>• **Feabhas a chur ar chaighdeán na dtosca táirgeachta eile/ dul chun cinn teicneolaíochta/cuir leis an stoc caipitil**<br>Más féidir leis an mbainistíocht feabhas a chur ar na tosca táirgeachta, d'fhéadfadh sé go mbeadh oibrithe níos táirgiúla mar go mbeidís níos éifeachtúla. Má dhéantar an próiseas táirgeachta níos éifeachtaí, d'fhéadfadh sé go gcabhródh sé le hoibrithe a bheith níos táirgiúla. Infheistíocht níos mó a dhéanamh i dtrealamh nua atá níos éifeachtúla/Infheistíocht a dhéanamh sa taighde agus san fhorbairt<br>• **Cleachtais nua oibre a thabhairt isteach / saineolas bainistíochta a fheabhsú**<br>Tabhair jabrothlú isteach le go mbíonn éagsúlacht san áit oibre agus d'fhéadfadh sé go méadódh sé an t-inspreagadh. D'fhéadfadh sé go ngríosódh sé an lucht saothair chun táirgiúlachta dá dtabharfaí deiseanna speisialtóireachta dóibh. Má tá saineolas níos mó ag an mbainistíocht faoin gcaoi is féidir an lucht saothair a spreagadh, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú ar an táirgiúlacht. | **2 x 6**<br>(3 + 3)<br><br>**20** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (b)<br>(i) | *Cuireann an domhandú ar chumas gnólachtaí leas a bhaint as barainneachtaí scála.*<br><br>Mínigh an téarma **barainneachtaí scála**.<br>Tarlaíonn barainneachtaí scála nuair a thiteann meánchostas / costas aonaid na táirgeachta agus méadú ag teacht ar an aschur/agus méadú ag teacht ar scála oibríochtaí an ghnólachta. | 9 |
| (ii) | Déan plé ar an dóigh a bhféadfadh gnólacht buntáiste a bhaint as barainneachtaí scála. Bíodh samplaí agat ag tacú le do fhreagra.<br><br>**Barainneachtaí scála teicniúla**<br>Bíonn deis ann úsáid níos mó a bhaint as an teicneolaíocht nuair a bhíonn an leibhéal táirgeachta níos airde. Roinntear an costas ar chainníocht níos mó aschuir e.g. Cheannaítear meaisín nua a tháirgeann aschur níos mó.<br><br>**Barainneachtaí saothair**<br>Bíonn deis ann oibrithe a speisialú nuair a bhíonn leibhéal táirgeachta níos airde ann. D'fhéadfadh gach oibrí tabhairt faoi chúram sonrach agus a bheith an-oilte sa tasc sin. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé go méadódh an t-aschur in aghaidh an oibrí agus go laghdófaí an costas in aghaidh an aonaid.<br><br>**Barainneachtaí san amhábhar a úsáidtear/ laghdú ar an dramhaíl**<br>D'fhéadfadh gnólachtaí mór le mórán línte táirgeachta costais dramhaíola a laghdú/níos lú amhábhair a chur amú.<br><br>**Barainneachtaí airgeadais**<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh rochtain ag gnólachtaí móra ar raon níos mó roghanna airgeadais ná mar a bheadh ag gnólacht beag agus is mó an seans go mbeidh siad in ann iasacht a fháil ag rátaí úis níos ísle, mar sin, laghdaítear costais táirgeachta. Níl infheistíocht áirithe caipitil feiliúnach ach amháin do leibhéal ard aschuir.<br><br>**Barainneachtaí ceannacháin**<br>D'fhéadfadh gnólacht mór leas a bhaint as lascainí agus amhábhair á gceannach / costais soláthair níos ísle nuair a cheannaíonn siad i mbuilc (is féidir leo níos mó a cheannach agus teacht ar chomhaontú le soláthróirí maidir le lascainí).<br><br>**Barainneachtaí dáileacháin**<br>Le táirgeacht mhéadaithe d'fhéadfadh sé go mbeadh gnólacht in ann córas iompair agus dáileacháin níos éifeachtúla a shocrú e.g. úsáideann Tesco córas láraithe dáileacháin.<br><br>**Barainneachtaí margaíochta / fógraíochta**<br>D'fhéadfaí a áireamh anseo coigiltis ina chuid fógraíochta toisc gur féidir na costais sin a scaipeadh amach thar líon aonad aschuir níos mó / beidh fógraíocht an bhácúis dírithe ar líon níos mó custaiméirí agus d'fhéadfadh a chostas in aghaidh an aonaid titim dá bharr. e.g. Fógraíocht a dhéanann Nike le linn Chorn an Domhain.<br><br>**Barainneachtaí bainistíochta**<br>De réir mar a mhéadaíonn gnólacht beidh sé in ann baill foirne a earcú a bhfuil sainscileanna acu chun aire a thabhairt do ghnéithe éagsúla den ghnó e.g. acmhainní daonna Agus gnólacht ag méadú, d'fhéadfadh sé nach dtiocfadh méadú ar na costais bhainistíochta i gcomhréir leis an méadú ar an ngnólacht.<br><br>**-1m mura dtugtar sampla** | **2 x 7**<br>( 3 + 4 ) |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| | **Bonneagar níos fearr**<br>Téann sé chun tairbhe do gach gnólacht nuair a fheabhsaítear bóithre / córas iompair mar go bhféadfadh sé go dtitfeadh costais.<br>Sampla den chaoi a gcabhraíonn na feabhsaithe ar bhonneagar bóithre costais a laghdú e.g. laghdaítear moill agus caolais tráchta.<br><br>**Gnólachtaí speisialaithe a fhorbairt**<br>D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an gnólacht conradh do ghnólachtaí speisialaithe chun poist áirithe a dhéanamh mar go mbíonn an costas níos lú e.g. éadaí leapa a sholáthar d'óstáin.<br><br>**Aonaid ar leith don taighde agus don fhorbairt a fhorbairt / Cúrsaí speisialtóireachta a chur ar fáil**<br>De réir mar a éiríonn tionsclaíocht an-mhór, d'fhéadfadh go mbunófaí gníomhaireachtaí taighde agus forbartha chun áiseanna a chur ar fáil do ghnólachtaí ar leith / D'fhéadfadh sé go roinnfeadh gnólachtaí an costas a bhaineann le taighde a dhéanamh eatarthu nó le comhlacht poiblí amhail Teagasc. Má chuireann institiúidí oideachais cúrsaí speisialtóireachta ar fáil, cabhróidh sé le hoibrithe cáilithe a chur ar fáil do ghnólachtaí agus laghdófar costais. | |
| **(b) (iii)** | An féidir le gnólachtaí éirí 'rómhór'? Mínigh do fhreagra.<br>Is féidir, mar go mbaineann míbhuntáistí le 'gnólachtaí móra'.<br><br>Áirítear iad seo le freagraí féideartha:<br>• **Díbharainneachtaí bainistíochta**<br>Agus gnólacht ag fás, bíonn sraitheanna breise bainistíochta de dhíth chun dul i ngleic le castacht na n-oibríochtaí, go háirithe má tá codanna den ghnólacht suite in áiteanna éagsúla.<br>• **Easpa inspreagtha d'oibrithe / meanma na foirne**<br>Má éiríonn gnólacht níos mó, d'fhéadfadh sé go mbeadh easpa meanma i measc na foirne – d'fhéadfadh sé nach mbeadh oibrithe spreagtha dá n-oibreoidís i ngnólacht mór. D'fhéadfadh sé go mbraithfeadh oibrithe gur 'uimhir' iad agus d'fhéadfadh sé go méadófaí coimhlint san ionad oibre agus go mbeadh costais níos airde/neamhláithreacht mar thoradh air sin.<br>• **Easnamh lucht saothair oilte / Ganntanas na dtosca táirgeachta**<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh ganntanas ann i dtaobh ionchuir thábhachtacha e.g. lucht saothar oilte, dá méadófaí táirgeacht. D'fhéadfadh sé go méadófaí costais lucht saothair mar go mbeadh rátaí pá ní b'airde ag teastáil chun go leor oibrithe a earcú./De réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh ar thosca táirgeachta d'fhéadfaidís éirí gann agus go rachadh an praghas i méid.<br>• **Méadú ar an maorlathas /ar chostais riaracháin**<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh córais bhainistíochta ní ba chasta ní ba mhaorlathaí i bhfeidhm i ngnólacht mór. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh deacrachtaí cumarsáide moill ar éifeachtúlacht na n-oibríochtaí gnó agus an gnólacht ag fás, agus mar sin, go mbeadh costais ní b'airde ann. D'fhéadfadh go mbeadh an chinnteoireacht níos ille. D'fhéadfadh sé go méadódh costais riaracháin go díréireach agus aschur ag méadú. | **1 x 7**<br>(3 + 4)<br><br>**30** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** | *Tig le srianta ar shoghluaisteacht oibrithe tionchar a bheith acu ar fhás geilleagrach.* | |
| **(i)** | Déan idirdhealú idir soghluaisteacht ghairme lucht saothair agus soghluaisteacht gheografach lucht saothair.<br><br>**Soghluaisteacht ghairme lucht saothair** is ea chomh héasca atá sé d'oibrithe aistriú ó phost amháin go post eile. | **5** |
| | **Soghluaisteacht gheografach lucht saothair** is ea chomh héasca atá sé d'oibrithe aistriú ó cheantar amháin go ceantar eile chun críocha oibre. | **5** |
| **(ii)** | Déan plé ar na tosca a chuireann srian le soghluaisteacht gheografach lucht saothair.<br><br>• **Cóiríocht / costas ard ar réadmhaoin a thógáil ar cíos**<br>Cuireann an costas ar lóistín i gceantair áirithe isteach ar an tsoghluaisteacht. Bíonn drogall ar dhaoine bogadh mar gheall ar dhifríochtaí sa phraghas ar thithe agus/nó an neamhchinnteacht a bhaineann le praghsanna tithe. Bíonn fadhbanna lóistín sna cathracha go háirithe.<br><br>• **Iompar /Cumarsáid**<br>Rochtain teoranta ar chóras maith iompair phoiblí; cuireann scrogall tráchta i gcathracha agus rochtain ar an gcathair ón gcrios comaitéireachta drochmhisneach ar go leor daoine. Cuireann sé isteach ar dhaoine freisin nach féidir leathanbhanda a fháil i gceantair áirithe.<br><br>• **Costais airgeadais**<br>Cuireann na costais airgeadais a bhaineann le bogadh tí amhail na costais mhéadaithe a bhaineann le teach a dhíol, earraí tí a aistriú agus costais lonnaithe bac ar dhaoine.<br><br>• **Naisc theaghlaigh agus shóisialta / An suaitheadh a bhaineann le bogadh go dtí timpeallacht nua**<br>Cuireann sé isteach ar theaghlach nuair a aistrítear teaghlach; caitear cairde a fhágáil agus leanaí a chur chuig scoil nua. Cuirtear isteach ar oideachas leanaí agus ar naisc shóisialta atá ann cheana sa cheantar / ceangail theaghlaigh agus ceangail shóisialta – cuireann a leithéid isteach ar shoghluaisteacht lucht saothair.<br><br>• **Rialuithe imirce**<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh rialuithe imirce i bhfeidhm i dtíortha agus mar sin, go gcuirtear srian ar oibrithe a thagann isteach sa tír. Teorainn ar imirce isteach / ceadúnais oibre / d'fhéadfadh nach mbeadh víosaí ar fáil go héasca.<br><br>• **Baic chultúir agus teanga**<br>D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh teanga eile / tuiscintí cultúir srian le shoghluaisteacht gheografach lucht saothair. | **2 x 5**<br>(2+3) |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(iii)** | Mol beart **amháin** a bhféadfaí smaoineamh ar é a chur i bhfeidhm d'fhonn dul i ngleic le ceann ar bith de na tosca a luaigh tú in (ii) thuas.<br>Mínigh do fhreagra.<br><br>• **An margadh tithíochta a nuachóiriú**<br>An soláthar tithíochta ar phraghas réasúnta a mhéadú – tithíocht ar phraghas réasúnta atá le ligean ar cíos nó le díol a chur ar fáil go forleathan go háirithe sna ceantair sin ina bhfuil ganntanas.<br><br>• **Iompar / roghanna cumarsáide**<br>Feabhas a chur ar naisc mhaithe iompair idir na cathracha agus na haerfoirt; leathanbhanda níos fearr a chur ar fáil sna réigiúin sin nach bhfuil sé ar fáil iontu.<br><br>• **Tacaíochtaí ón rialtas / ó ghnólachtaí**<br>D'fhéadfadh an Rialtas fóirdheontais a chur ar fáil chun dul i ngleic le heaspa soghluaisteacht thíreolaíoch agus chun oibrithe a spreagadh le haistriú go dtí an áit ina bhfuil siad ag teastáil / cuidiú le costas an aistrithe / deontais do dhaoine a mhaireann sa chathair. D'fhéadfadh gnólachtaí tacú le hoibrithe aistriú ach cuidiú le costais an aistrithe.<br><br>• **Rochtain ar oideachas**<br>Cinntítear gur féidir rochtain a fháil ar sheirbhísí oideachais go héasca le nach mbeidh an t-oideachas ina ábhar imní do thuismitheoirí.<br><br>• **Fóirdheontais shonracha mar spreagadh do dhaoine bogadh** isteach i gceantair ina bhfuil ganntanas oibrithe — mar shampla, múinteoirí i mBaile Átha Cliath agus banaltraí agus dochtúirí ar fud na tíre.<br><br>• **Rochtain ar eolas maidir le folúntais**<br>Eolas agus tacaíocht a chur ar fáil – cuirtear eolas cothrom le dáta maidir leis na folúntais atá ann ar fáil agus ar na deiseanna aistrithe atá ann.<br><br>• **Foráil a dhéanamh don bhonneagar sóisialta**<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh ceantair ní ba tharraingtí dá gcuirfí feabhas ar an mbonneagar sóisialta ach siopaí, áiseanna fóillíochta, páirceanna, etc., a chur ar fáil<br><br>• **Beartas imirce**<br>D'fhéadfadh go spreagfadh athrú sna rialacháin i dtaca le ceadúnais oibre, víosaí, etc., oibrithe le lonnú in Éirinn, go háirithe sna háiteanna sin ina bhfuil ganntanais. | **5**<br>(2+3)<br><br>**25** |

## C5 Polasaí Fioscach agus Airgeadaíochta; Cáin indíreach; Easnamh sa bhuiséad

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (a) (i) | Mínigh na téarmaí **polasaí fioscach** agus **polasaí airgeadaíochta**.<br><br>**Polasaí fioscach**<br>Aon ghníomh a dhéanann an rialtas a imríonn tionchar ar uainiú, méadaíocht agus struchtúr an ioncaim nó an chaiteachais nó a chuireann athrú orthu./Is ionann é agus aon athrú ar chaiteachas agus ar chánachas an rialtais atá ceaptha chun an caiteachas foriomlán a athrú i ngeilleagar / Úsáid as caiteachas agus cánachas an rialtais chun tionchar a imirt ar fhás eacnamaíoch.<br><br>**Beartas airgeadaíochta**<br>Gníomh ar bith a dhéanann an Banc Ceannais Eorpach (ECB) a imríonn tionchar ar an airgid, ar rátaí úis agus ar an bhfáil ar chreidmheas. | **5**<br><br><br><br><br><br>**5** |
| (ii) | Tabhair breac-chuntas ar an tslí a mbíonn tionchar ag ballraíocht na hÉireann i limistéar an euro ar fheidhmiú pholasaí airgeadaíochta **nó** pholasaí fioscach an Rialtais in Éirinn.<br><br>**Beartas Airgeadaíochta**<br><br>**Rialaíonn an Banc Ceannais Eorpach polasaí airgeadaíochta**<br>Ciallaíonn ballraíocht na hÉireann sa limistéar euro nach gcuireann sí polasaí airgeadaíochta dá cuid féin chun feidhme. Ach tá sé faoi smacht an Bhainc Ceannais Eorpaigh (ECB). Tugtar údarás do ECB trí chonradh. Caithfidh rátaí úis a bheith gar don mheán san Aontas Eorpach.<br><br>**D'fhéadfadh sé nach bhfeilfeadh cinntí a dhéanann ECB d'Éirinn**<br>Is ionann geilleagar na hÉireann agus 2% den limistéar euro agus mar sin d'fhéadfadh nach n-oirfeadh i gcónaí cinntí a ghlacann an Banc Ceannais Eorpach maidir le hathruithe ar rátaí do gheilleagar na hÉireann. D'fhéadfadh go mbeadh polasaí airgeadaíochta de "thomhas amháin a oireann do chách" ina chúis le héagobhsaíocht mura mbeadh timthrialla gnó comhghaolaithe ar fud ballstát. e.g. má tá borradh eacnamaíochta ar siúl in Éirinn is é an freagra beartais cuí ón mbanc ceannais ná rátaí úis a ardú. Ní féidir leis an mBanc Ceannais Eorpach rátaí úis a ardú díreach chun oiriúint d'Éirinn, áfach.<br><br>**Tá rialacha curtha i bhfeidhm ag Banc Ceannais na hÉireann maidir le: fáil morgáistí**<br>Ní bhíonn díluacháil airgeadra náisiúnta ar fáil chun dul in oiriúint do shuaitheadh maicreacnamaíoch. Is é Banc Ceannais na hÉireann an t-údarás náisiúnta macrastuamachta. Ó bhí 2015 ann, tá teorainneacha curtha aige ar mhéid na morgáistí i gcoibhneas le luachanna tí agus i gcoibhneas le hioncaim. | **2 x 5**<br>(2+3) |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| | **NÓ**<br><br>**Polasaí fioscach**<br><br>**Srian fioscach ag teastáil ó rialtas na hÉireann**<br>Chun bheith mar bhall den limistéar euro teastaíonn srian fioscach éigin agus scaradh le roinnt gnéithe de cheannasacht maidir le polasaí fioscach. Bíonn éifeacht ag ballraíocht ar an bpolasaí fioscach mar gheall ar go bhfuil rialacha fioscacha i bhfeidhm. Féadann Éire a cuid rátaí cánach agus leibhéil chaiteachais rialtais féin a leagan síos.<br><br>**Rialacha an AE maidir le heasnamh sa bhuiséad / leis an bhfiachas náisiúnta**<br>I gComhaontú Fáis agus Cobhsaíochta an Aontais Eorpaigh sonraíodh teorainn fiachais 60% agus teorainn easnamh buiséid 3% den OTI agus cuireann sé iallach ar rialtais tuarascáil bhliantúil a thabhairt maidir le staid an airgeadais phoiblí.<br><br>**Buiséad réamhcheadaithe ag an AE**<br>Ní mór go ndéanfaí pleananna buiséid a fhaomhadh roimh ré ar leibhéal an AE, ionas nach mbeidh an oiread baol ann go gcuirfí buiséid mhíchuí i bhfeidhm. Bunaíodh IFAC (Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann) in 2011 chun tuairim oibiachtúil a thabhairt faoi inbhuanaitheacht an phlean buiséid náisiúnta agus faoi réamhaisnéisí maicreacnamaíocha atá mar bhonn ag pleananna buiséid. | **20** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(b)** | *Is minic a bhaintear úsáid as cánacha indíreacha mar ionstraim de pholasaí rialtais chun iompraíocht áirithe tomhaltóirí a athrú.* | |
| **(i)** | Mínigh an téarma **cáin indíreach**.<br><br>Is cáin ar úsáid earraí agus seirbhísí e.g. CBL atá i gcáin indíreach. | **5** |
| **(ii)** | Mínigh an dóigh a bhféadfaí úsáid a bhaint as **cánacha indíreacha** chun iompraíocht áirithe tomhaltóirí a athrú. Bíodh samplaí agat ag tacú le do fhreagra.<br><br>Áirítear le freagraí féideartha:<br><br>**Rátaí méadaithe CBL ar sheirbhísí leapacha gréine**<br>I mBuiséad 2018 méadaíodh an ráta CBL a bhaineann le seirbhísí leapacha gréine ó 13.5% go dtí an ráta caighdeánach 23% ón 1 Eanáir, 2018 ar aghaidh chun stop a chur le húsáid leapacha gréine, mar gheall ar fhianaise shoiléir ar nasc idir úsáid leapacha gréine agus ailse chraicinn. Tagann sé seo le Straitéis Náisiúnta Ailse an Rialtais.<br><br>**Cáin ar dheochanna milsithe ag siúcra tugtha isteach i mí Aibreáin 2018**<br>Tugadh isteach an cháin sin chun go mbeadh tionchar dearfach aici ar chothú agus dearadh í chun bia sláintiúil a spreagadh; tomhaltas bia a aistriú i dtreo aiste bia níos folláine. Táthar ag súil go mbeadh tomhaltóirí níos freagraí agus go ndéanfadh siad roghanna níos sláintiúla. Táthar ag súil go rachfaí i ngleic le murtall, diaibéiteas etc. trí laghdú ar thomhaltas.<br><br>**Tobhach comhshaoil ar mhálaí plaisteacha**<br>Bhí Éire ina ceannródaí ó thaobh úsáid málaí siopadóireachta plaisteacha a laghdú.<br>Ba é aidhm an tobhaigh bhig, a tugadh isteach in 2002, ná daoine a stopadh ag ceannach málaí plaisteacha, agus ar an mbealach sin bruscar a laghdú. Mar gheall ar an tobhach tá an chuid is mó den daonra ag úsáid málaí in-athúsáidte anois. Anois bíonn an tomhaltóir ag lorg roghanna eile in áit na málaí plaisteacha sin a úsáid. Anois ní chuireann málaí plaisteacha ach le 0.14% den bhruscar iomlán i gcomparáid le 5% in 2002.<br><br>**Cáin ar tháirgí tobac / cáin ar alcól**<br>Méadaíodh an dleacht mháil ar phaicéad 20 toitín le 50 cent (CBL san áireamh) agus rinneadh méadú pro-rata ar na táirgí tobac eile, agus cuireadh 25c breise ar thoitíní a rollann an duine féin i mBuiséad 2018. Cuireann CBL agus dleachtanna máil ar alcól agus thobac i gcoinne úsáid na dtáirgí sin agus laghdaítear na tionchair dhiúltacha ar an tsláinte.<br><br>**Cánacha Carbóin / cánacha comhshaoil a tugadh isteach in 2010**<br>Athraíonn cánacha carbóin, a ghearrtar ar bhealach cosúil le dleachtanna máil, praghas coibhneasta breoslaí, ag cur i gcoinne úsáid breoslaí iontaise a bhíonn ina gcúis le hastaíochtaí carbóin níos airde agus le hathrú aeráide sa deireadh thiar. Gearrtar na cánacha sin chun ár gcuid astaíochtaí carbóin a laghdú ar bhillí breosla agus leictreachais. Le cánacha comhshaoil den sórt sin déantar iarracht tomhaltóirí a spreagadh chun a n-iompraíocht tomhaltóra a athrú.<br><br>**-1m má fhágtar amach sampla** | **3 x 5** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| | **Ráta CBL laghdaithe d'earnáil na turasóireachta**<br>Tugadh isteach an ráta CBL laghdaithe 9% d'earnáil na turasóireachta roinnt blianta ó shin chun an turasóireacht a chur chun cinn in Éirinn. Aithnítear go raibh méadú ar sheirbhísí san earnáil sin mar thoradh ar an laghdú sin ar CBL agus gur chuir sé sin le fostaíocht mhéadaithe agus gur tharla fairsingiú sa tionscal dá bharr agus spreag sé cónaitheoirí na hÉireann le laethanta saoire a bheith acu in Éirinn.<br><br>**Cáin Chláraithe Feithiclí (VRT)**<br>Ó 2008 tá an cháin chláraithe feithiclí ar phraghas ceannaigh tosaigh feithicle bunaithe ar $CO_2$ agus mar sin dá ísle na hastaíochtaí $CO_2$, is ea is ísle a bhíonn an cháin.<br>Mar thoradh ar an gcaoi a ngearrtar VRT agus mótarcháin in Éirinn ar bhonn astaíochtaí $CO_2$ tharla aistriú mór i dtreo gluaisteán a ritheann ar díosal. | |
| **(iii)** | Tabhair breac-chuntas ar idirghabháil **amháin**, seachas cánachas, a bhféadfadh rialtas smaoineamh ar í a chur i bhfeidhm d'fhonn iompraíocht tomhaltóirí a athrú.<br><br>**Feachtais Fhógraíochta Náisiúnta**<br>D'fhéadfadh an rialtas feasacht a ardú faoin dochar a d'fhéadfadh táirgí áirithe a dhéanamh do shláinte agus leas an duine chun iompraíocht daoine a athrú. D'fhéadfadh siad feachtais fhógraíocht náisiúnta a rith chun feasacht a ardú.<br><br>**Tionscnaimh Oideachais**<br>D'fhéadfaí iad a thabhairt isteach i scoileanna chun iarracht a dhéanamh iompraíocht tomhaltóirí a athrú.<br><br>**Reachtaíocht**<br>Dlí a rith chun iompraíocht tomhaltóirí a athrú e.g. cosc ar chaitheamh tobac a thabhairt isteach. Fíneálacha a thabhairt isteach as cionta e.g. bruscar a chaitheamh / scéimeanna íoc de réir meáchain.<br><br>**Deontais Rialtais**<br>D'fhéadfadh an rialtas deontais a thabhairt chun tithe a iarfheistiú / úsáid níos fearr as fuinneamh a spreagadh etc. | **5**<br>**(2+3)**<br><br>**25** |

<table>
<tr><th></th><th>Freagraí féideartha</th><th>Uas-<br>Mharc</th></tr>
<tr><td>(c)<br><br>(i)<br><br><br><br>(ii)</td><td>€1.8 billiún an t-easnamh Rialtais [sa bhuiséad] a bhí ann in 2016, feabhas ar an easnamh €5.0 billiún a bhí ann in 2015. (Foinse: POS, Iúil 2017)<br><br>Sainmhínigh an téarma easnamh sa bhuiséad.<br><br>Tarlaíonn easnamh sa bhuiséad nuair a bhíonn ioncam reatha an rialtais níos lú ná caiteachas reatha an rialtais.<br><br>Déan plé ar na hiarmhairtí eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ag baint le laghdú ar an easnamh sa bhuiséad.<br><br>• Níos lú iasachtaí do gheilleagar na hÉireann<br>Agus an t-easnamh ag dul i laghad laghdófar iasachtaí agus laghdófar aisíocaíocht fiachais agus aisíocaíochtaí úis mar thoradh air sin.<br><br>• Ualach níos lú ar ghlúinte cáiníocóirí amach anseo<br>Má fhaightear fiachas náisiúnta laghdaithe le hoidhreacht, d'fhéadfadh sé go bhfeabhsófaí caighdeáin mhaireachtála na nglún atá le teacht.<br><br>• Íomhá na tíre a fheabhsú thar lear<br>D'fhéadfadh an cumas an t-airgeadas náisiúnta a bhainistiú rátáil chreidmheasa na hÉireann a fheabhsú. Tá ár rátáil fiachais rátáilte mar ghrád infheistíochta ag na príomhghníomhaireachtaí rátála creidmheasa go léir<br><br>• D'fhéadfaí níos lú airgid a chaitheamh ar sheirbhísí poiblí / laghdú ar an líon fostaithe san earnáil phoiblí<br>D'fhéadfaí roinnt seirbhísí poiblí a scor; d'fhéadfadh sé go dtiocfadh laghdú ar chaighdeáin seirbhísí (e.g. seirbhísí sláinte) agus d'fhéadfadh sé go méadófaí na muirir ar roinnt seirbhísí stáit. D'fhéadfaí an laghdú ar an easnamh a bhaint amach tríd an líon atá fostaithe san earnáil phoiblí a laghdú; rátaí pá san earnáil a laghdú; seachfhoinsiú chuig na cuideachtaí príobháideacha.<br><br>• Éifeachtaí ar gníomhaíocht gheilleagrach / fás<br>Sa ghearrthéarma d'fhéadfadh sé go dtiocfadh laghdú ar chaiteachas mar thoradh ar éileamh laghdaithe. San fhadtéarma d'fhéadfadh feabhas ar airgeadas an stáit, mar gheall ar muinín mhéadaithe, éileamh a spreagadh agus a bheith ina chúis le méadú ar ghníomhaíocht gheilleagrach.<br><br>• Éifeachtaí ar an gcaighdeán maireachtála<br>Sa ghearrthéarma d'fhéadfaí an t-easnamh a laghdú trí chánachas méadaithe / chaiteachas laghdaithe – laghdódh sé sin an caighdeán maireachtála. D'fheadfadh tionchar ní ba mhó a bheith ag na gníomhartha sin ar ghrúpaí daoine atá ar ioncam níos ísle (a leathnódh an bhearna idir an saibhir agus daibhir).<br><br>Pointí eile:<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó daoine ag gabháil don gheilleagar dubh. D'fhéadfadh sé go mbeadh corraíl phoiblí ann mar thoradh ar ghníomhartha an rialtais chun an t-easnamh a laghdú e.g. an agóid i gcoinne thabhairt isteach na dtáillí uisce.</td><td><br><br>6<br><br><br><br>2 x 6<br>(3+3)</td></tr>
</table>

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(c) (iii)** | An olc an rud é don gheilleagar i gcónaí go mbeadh easnamh sa bhuiséad?<br>Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis le do fhreagra.<br><br>**Ní olc an rud**<br><br>**Éileamh a spreagadh**<br>Má mhéadaítear caiteachas an rialtais méadófar an t-éileamh ar earraí agus sheirbhís i.e. éileamh comhiomlán a spreagadh sa gheilleagar, d'fhéadfadh sé go gcabhródh sé sin le fás eacnamaíoch.<br><br>**Cruthú post**<br>Ba cheart go gcruthófaí poist agus go dtiocfadh méadú breise ar chaiteachas mar gheall ar an méadú ar éileamh. D'fhéadfadh an méadú ar chaiteachas tomhaltóra a bheith ina ábhar le muinín gnó méadaithe agus d'fhéadfadh sé gníomhaíocht gheilleagrach a spreagadh a thuilleadh.<br><br>**An t-easnamh a fhéinmhaoiniú**<br>Le fás eacnamaíoch, méadú ar chaiteachas tomhaltóirí, d'fhéadfadh sé go méadófaí ioncaim an rialtais, agus go mbeadh an t-easnamh féinmhaoinithe. D'fhéadfadh sé go measfadh roinnt daoine go mbeadh sé réasúnta easnamh buiséid a cheadú le linn cor chun donais sealadach sa ghníomhaíocht gheilleagrach.<br><br>**Is olc an rud**<br><br>**Leibhéil fiachais neamh-inbhuanaithe**<br>Má tá an t-easnamh á mhaoiniú trí bhíthin an Fiachas Náisiúnta a mhéadú go leibhéil neamh-inbhuanaithe nó leibhéal lena sáraítear comhaontú airgeadais an AE.<br>Mar chion den OTI tá fiachas rialtas na hÉireann os cionn 60% agus is é 60% teorainn Maastricht.<br><br>**Leibhéil chánachais níos airde sa todhchaí**<br>Má tá easnaimh sa bhuiséad is féidir a bheith cinnte go mbeidh leibhéil chánachais fós ard do na glúinte atá le teacht.<br><br>**Fiachas marbhualaigh**<br>Má úsáidtear an t-easnamh agus mura saothraítear aon ioncam cánach breise mar thoradh ar an gcaiteachas, ansin d'fhéadfaí a mheas nach maith an rud don gheilleagar é/níl sé féinleachtaitheach. | **2 x 6**<br>(3+3)<br><br>**30** |

## C6 Imirce; Ballraíocht den Mhargadh Eorpach Aonair; Cúnamh Forbartha do Thíortha Tearcfhorbartha

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(a) (i)** | *Ba é +19,800 an imirce ghlan isteach go hÉirinn in 2017, dar leis an POS, an imirce ghlan isteach ab airde ó bhí 2008 ann.*<br><br>Déan cur síos ar na tosca is cúis leis an imirce idir thíortha.<br><br>**Easpa deiseanna poist/ Téarnamh gheilleagar na hÉireann**<br>Nuair a tharlaíonn cor chun donais i ngeilleagar tíre spreagtar daoine chun deiseanna a lorg i dtíortha eile. Mar thoradh ar an easpa deiseanna chun ardú céime a fháil d'fhéadfadh sé go mbeadh oibrithe ag lorg na ndeiseanna sin thar lear. Tá feabhas tagtha ar fheidhmíocht eacnamaíoch na hÉireann le níos mó deiseanna poist / méadú ar fhás eacnamaíoch – geilleagar ag dul i méid etc.<br><br>**Rátaí ísle pá / caighdeán maireachtála íseal**<br>Spreagfaidh rátaí ísle pá oibrithe chun obair a lorg thar lear. Sa tslí chéanna, má mheastar go bhfuil an caighdeán maireachtála níos fearr i dtír eile beidh sé níos tarraingtí bogadh chuig an tír sin. Rátaí leasa shóisialaigh níos airde ar fáil.<br><br>**Cánacha arda**<br>Féadann rátaí cánach arda daoine a spreagadh chun féachaint áit eile ar thíortha ina mbeidh siad ag tabhairt pá níos airde abhaile agus ina mbeidh caighdeán maireachtála níos airde acu.<br><br>**Taithí oibre agus scileanna luachmhara ar fáil thar lear**<br>Téann roinnt oibrithe ar eisimirce lena gcuid scileanna a fhorbairt mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil chun gur féidir leo taithí a fháil agus a gcuid scileanna a fheabhsú.<br><br>**Géarleanúint pholaitiúil nó chreidimh**<br>Má tá a leithéid de ghéarleanúint ann brúitear daoine chun imeacht óna dtír féin agus tearmann a lorg i dtíortha eile atá saor ón ngéarleanúint sin. | **3 x 5**<br>(2+3) |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(ii)** | Déan plé ar na hiarmhairtí eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le méadú ar an inimirce.<br><br>• **Tionchar ar sheirbhísí stáit**<br>Gá níos mó le / níos brú ar scoileanna, ospidéil, bóithre agus tithíocht.<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh úsáid níos fearr as seirbhísí stáit mar thoradh air.<br><br>• **Margadh intíre níos mó**<br>Méadóidh an leibhéal éilimh ar earraí agus ar sheirbhísí tomhaltóra / cuirfidh imircigh a fhilleann agus inimircigh leis an líon custaiméirí féideartha.<br><br>• **Tionchar ar leibhéil phá**<br>D'fhéadfadh sé go gcabhródh inimirce mhéadaithe leis an mborradh a choimeád trí fhás pá a mhaolú / Brú aníos ar phá.<br><br>• **Méadaíonn sé an soláthar saothair**<br>D'fhéadfadh inimircigh oideachas agus scileanna nua a thabhairt isteach sa gheilleagar/ag líonadh bearnaí ríthábhachtacha sa mhargadh saothair ar gach leibhéal agus mar thoradh air sin níos mó solúbthachta a chruthú sa mhargadh saothair.<br><br>• **Tionchar ar airgeadas stáit**<br>D'fhéadfadh an geilleagar leas a bhaint as an infheistíocht in oideachas a mhaoiníonn an stát má fhilleann na hinimircigh Éireannacha a bhain leas as oideachas a bhí á mhaoiniú ag an stát. Braitheann an éifeacht ar an stát ar cibé acu an bhfuil an ranníocaíocht d'ioncaim chánach níos mó ná na costais ar an stát as na hinimircigh nua – sochar linbh, sochair dífhostaíochta etc.<br><br>• **Tionchar ar ghnólachtaí**<br>D'fhéadfadh sé go mbainfeadh gnólachtaí tairbhe as barainneachtaí scála; as fáil lucht saothair níos oilte / léannta agus mar thoradh air sin go dtiocfadh méadú ar acmhainn tháirgiúil. D'fhéadfadh go dtiocfadh méadú ar dheiseanna infheistíochta. D'fhéadfadh go dtabharfadh inimircigh táirgí, gnóthais nua agus margaí go hÉirinn.<br><br>• **Tionchar ar shochaí na hÉireann**<br>D'fhéadfadh sé go mbainfeadh an geilleagar leas as scileanna agus traidisiúin nua; éiríonn an tsochaí níos ilchultúrtha, rud a fheabhsaíonn caighdeán na beatha / an caighdeán maireachtála. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar diúltach aige ar an chaighdeán na beatha - plódú tráchta; truailliú; amanna comaitéireachta níos faide; caighdeán maireachtála níos ísle<br><br>• **Tionchar ar chóimheas an chleithiúnais**<br>D'fhéadfadh go dtiocfaidh méadú ar an líon daoine sa lucht saothair de bharr an mhéadaithe sin ar inimirce agus laghdódh sé sin an cóimheas cleithiúnais, agus beidh ioncaim méadaithe ó cháin ag an stát de bharr sin.<br><br>• **Méadú ar phraghsanna maoine**<br>Leis an méadú ar an inimirce tagann méadú ar an éileamh ar thithíocht a d'fhéadfadh borradh breise a chur faoin méadú ar phraghsanna maoine in Éirinn. | **3 x 5**<br>(2+3)<br><br>**30** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(b)** | Déan plé ar na hargóintí eacnamaíochta i bhfabhar **agus** in éadan Éire a bheith ina ball den Mhargadh Eorpach Aonair.<br><br>**Argóintí ar son**<br><br>• **Margadh níos mó / spreagann fairsingiú trádála**<br>Níos mó deiseanna do ghnólachtaí Éireannacha leathnú isteach i margaí nua, brabúis a mhéadú, costais laghdaithe agus tairbhí na táirgeachta ar scála mór. Rochtain éasca ar amhábhair. Nuair a bhaintear bacainní trádála, ceadaítear laghdú ar chostais idirbheart agus d'fhéadfadh díolacháin mhéadaithe eascairt as sin.<br><br>• **Is féidir le gnólachtaí Éireannacha tairiscint a chur isteach ar chonarthaí na hearnála poiblí san AE**<br>Is féidir le gnólachtaí Éireannacha tairiscint a chur isteach anois ar na conarthaí úd a bhronntaí ar ghnólachtaí intíre roimhe sin.<br><br>• **Buntáistí do thomhaltóirí**<br>Ciallaíonn níos mó trádála go mbeidh rogha níos fairsinge ag tomhaltóirí agus/nó praghsanna níos ísle. Comhchuibhiú ar chaighdeáin táirgí chun saorthrádáil seirbhísí ar nós árachais a cheadú.<br><br>• **Éascaíocht trádála**<br>Leis an laghdú ar an bpáipéarachas a theastaíonn chun trádáil a dhéanamh sábháiltear am agus airgead; níos lú moille ag fanacht chun onnmhairí a fháil trí phoist chustaim/níos éasca gnó a dhéanamh idir baillstáit. Le comhchuibhiú dlíthe tá sé níos éasca do ghnólachtaí Éireannacha trádáil a dhéanamh.<br><br>• **Saorghluaiseacht caipitil**<br>D'fhéadfadh léirscaoileadh margaí airgeadais sreabhadh níos fearr cistí infheistíochta a spreagadh.<br><br>• **Saorghluaiseacht saothair**<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh laghdú ar chostais / deiseanna oibre thar cheantar leathan mar thoradh ar rochtain ar fhoinsí nua de sholáthar saothair. Nuair a bheidh níos mó deiseanna poist ann cuirfear caighdeán maireachtála níos airde chun cinn.<br><br>• **Tairbhí reachtúla / maoinithe**<br>Rinne an AE iarracht go leor gnéithe de dhlí na hÉireann a chomhchuibhiú chomh maith le cearta do shaoránaigh agus d'oibrithe (an treoir maidir le ham oibre íosta) / caighdeánú na rialachán náisiúnta. Is féidir le gnólachtaí leas a bhaint as cúnamh deontais ón AE.<br><br>• **Buntáistí sóisialta**<br>Tugann an AE tairbhí trí dheontais athghiniúna, deontais oideachais do mhic léinn agus tionscadail eile don fhiontar sóisialta (e.g. maoiniú/scoláireachtaí Erasmus do mhic léinn ardoideachais).<br><br>• **Deiseanna brabúsacha infheistíochta**<br>Infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI) a tharraingt isteach sa tír, go háirithe gnólachtaí as SAM ar mian leo rochtain a fháil ar mhargadh an AE. | **7+6+6+6**<br>**7 (3+4)**<br>**6 3+3)**<br><br>Dhá phointe ina fhabhar agus dhá phointe ina éadan |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| | **Argóintí i gcoinne**<br><br>• **Iomaíocht mhéadaithe / threisithe**<br>Beidh gnólachtaí Éireannacha faoi bhrú níos mó mura mbeidh siad in ann dul san iomaíocht ar bhonn costais / D'fhéadfadh níos mó iomaíochta gnólachtaí Éireannacha a fhágáil gan ghnó.<br><br>• **Caillteanas flaithiúnais / neamhspleáchas laghdaithe**<br>Laghdú nach beag ar an bhflaithiúnas náisiúnta mar nach mór go mbeadh polasaithe eacnamaíocha na hÉireann ar aon dul le polasaithe eile atá á gcleachtadh i mballstáit eile. Tugann Éire aghaidh ar neamhspleáchas laghdaithe i bpolasaithe náisiúnta agus iomaíochta mar go mbíonn tionchar díreach ag an AE ar pholasaithe iomaíochta.<br><br>• **Fáil laghdaithe ar mhaoiniú an AE**<br>Le haontachas na mballstát nua leithdháiltear níos lú maoinithe d'Éirinn agus d'fhéadfadh sé sin teacht salach ar fhorbairt eacnamaíoch in Éirinn.<br><br>• **Soláthar poiblí na gconarthaí móra poiblí**<br>Beartas coiteann faoi sholáthar an rialtais (oibleagáid orthu tairiscintí ar chonarthaí rialtais ó bhallstát ar bith a mheas). Ní mór conarthaí poiblí móra a fhógairt ar leibhéal uile-AE<br><br>• **Monatóireacht an AE / Beartais ar fud an AE uile**<br>Rud coitianta anois é monatóireacht ar leibhéal an AE ar mhargaí stáit agus ní thugann sé sin saoirse iomlán don stát maidir le polasaithe a chur i bhfeidhm. D'fhéadfadh nach n-oirfeadh polasaithe a gcinntear orthu ar leibhéal an AE d'Éirinn.<br><br>• **Ar leithlis ó chinntí an AE**<br>D'fhéadfadh go mothódh roinnt saoránach go bhfuil cinntí arna ndéanamh ar leibhéal an AE ró-fhada uathu – an 't-easnamh daonlathach'. | **25** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** | *Tá beagán os cionn €707 milliún curtha i leataobh ag rialtas na hÉireann in 2018 le tabhairt mar* ***Chúnamh Forbartha Oifigiúil*** *do Thíortha Tearcfhorbartha.*<br><br>Déan plé ar na buntáistí **agus** ar na dúshláin a ghabhann le Cúnamh Forbartha Oifigiúil do Thíortha Tearcfhorbartha (LDCs sa Bhéarla).<br><br>**Buntáistí:**<br><br>• **Beatha daoine a thabhairt slán**<br>• **Cabhraíonn sé le bonneagar a thógáil (rud a chuireann forbairt thionsclaíoch chun cinn)**<br>• **Feabhas ar sheirbhísí sláinte**<br>• **Cúnamh don talmhaíocht**<br>• **Uisce glan agus sláintíocht**<br>• **Tacú le hoideachas / le hoiliúint**<br>• **Laghdú ar leibhéil bhochtaineachta etc.** | **2 x 5 (2+3)** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (c) | **Dúshláin**<br><br>• **Cúnamh ag teacht isteach 'go mall'**<br>B'fhéidir nach gcuirfí an rachmas méadaithe ar aghaidh chuig na daoine is mó a bhfuil gá acu dó agus b'fhéidir nach mbeadh fás geilleagrach mar thoradh air. I gcás roinnt de na tíortha tearcfhorbartha, d'fhéadfadh sé go rachadh cúnamh eachtrach chuig an uasaicme agus nach mbeadh fás geilleagrach mar thoradh air mar nach dtugtar an t-airgead ar aghaidh chuig na daoine a bhfuil géarghá acu leis.<br><br>• **Cultúr spleáchais a fhorbairt**<br>D'fhéadfadh cultúr spleáchais a bheith i roinnt de na tíortha tearcfhorbartha agus d'fhéadfadh sé go ndéanfadh an cúnamh sin an spleáchas sin a atreisiú. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé sin ina bhacainn roimh fhás agus fhorbairt eacnamaíoch.<br><br>• **Tionscadail ardphróifíle / rialú tionscadal**<br>I roinnt tíortha tearcfhorbartha, d'fhéadfadh sé nach gcabhródh an cúnamh le bonneagar leordhóthanach a sholáthar ach seachas sin d'fhéadfadh sé go ngabhfaí thart air i bhfabhar tionscadal 'ardphróifíle'. Ní mór don rialtais tús áite a thabhairt do na tionscadail sin a mbeidh neamhthuilleamaíocht eacnamaíochta mar thoradh orthu agus a mhéadóidh cumas táirgiúil na dtíortha tearcfhorbartha ar deireadh. D'fhéadfadh sé go reáchtálfadh tíortha eachtracha roinnt tionscadal nó d'fhéadfadh sé go mbeadh sé riachtanach cion de na brabúis a sheoladh thar lear.<br><br>• **Impleachtaí an chúnaimh**<br>D'fhéadfadh sé go dtiocfadh deacrachtaí chun cinn nuair a chaitear an cúnamh a aisíoc. An gcuirfidh an cúnamh le roinnt fiachas náisiúnta ard atá ag tíortha tearcfhorbartha cheana agus mar thoradh air sin an mbeidh deacrachtaí le haisíoc a thiocfaidh salach ar fhás geilleagrach? Ar cuireadh coinníollacha leis an gcúnamh a d'fhéadfadh teorainn a chur le roghanna eacnamaíocha rialtas amach anseo?<br><br>• **Éilliú Polaitiúil / drochrialachas**<br>D'fhéadfadh sé go gcaithfí roinnt den chúnamh ar réimis mhíleata, rud a d'fhéadfadh cur le corraíl shibhialta a chuireann isteach ar fhás eacnamaíoch agus a dhíspreagann infheistíocht dhíreach. D'fhéadfadh sé go dtarlódh éilliú agus roinnt rialtais ag úsáid an chúnaimh ar a son féin seachas chun fás eacnamaíocht a chur chun cinn.<br><br>• **Cineál / úsáid an chúnaimh**<br>D'fhéadfadh sé go ndíreofaí sna tionscadail a gcabhrófaí leo ar chúnamh bia amháin. Chun fás geilleagrach a choinneáil, ní mór tabhairt faoi thionscnaimh eacnamaíochta ina ndírítear ar na hearnálacha tánaisteacha agus treasacha a fhorbairt chun cabhrú le fás eacnamaíoch.<br>Seans gur cheart do thíortha smaoineamh ar thrádáil mar bhealach níos fearr le fás eacnamaíoch a chur chun cinn. | **2 x 5 (2+3)**<br><br>**20** |

## C7 Geilleagar na hÉireann, rialú ar an mbaincéireacht & caiteachas caipitiúil an Rialtais

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(a)** | Déan feidhmiú gheilleagar na hÉireann le 12 mhí anuas a mheasúnú i n**gach** ceann de na réimsí seo a leanas:<br>Fás geilleagrach; Fostaíocht /dífhostaíocht; Boilsciú; Méid an Fhiachais Náisiúnta.<br><br>**Fás geilleagrach**<br>**Ráta fáis OTI os cionn thart ar 4% (3% - 5%)**<br>• Tuarann an Banc Ceannais OTI de 4.4% le haghaidh 2018 agus 3.9% le haghaidh 2019.<br>• In 2018, meastar go rachaidh OTI i méid faoi 4.8% (ESRI Earrach '18 Trácht Eacnamaíoch Ráithiúil)<br>• Is iad tomhaltas agus infheistíocht láidir sa bhaile chomh maith le coinníollacha idirnáisiúnta na príomhfhachtóirí a thacaíonn leis an bhfás sin. (ESRI)<br>• Ligeann sé do chaighdeáin maireachtála saoránach feabhsú diaidh ar ndiaidh le himeacht ama.<br>• An geilleagar is tapa atá ag fás san AE / ag fás níos tapúla ná mar a bhíodh sna blianta roimhe.<br><br>**Fostaíocht / dífhostaíocht**<br>**Ráta dífhostaíochta faoi bhun 6%. / Fostaíocht 2.24 milliún (sa chéad ráithe 2018)**<br>• Ba é an ráta dífhostaíochta agus é coigeartaithe de réir séasúir le haghaidh Nollaig 2017 ná 6.2%, laghdú ó 7.5% dhá mhí dhéag roimhe sin.<br>• Laghdú ar dhífhostaíocht fir/Laghdú ar dhífhostaíocht Óige<br>• Ba é an meánráta dífhostaíochta ná 6.7% in 2017 agus meastar go rachaidh sé i laghad go 5.4% in 2018 agus 4.5% in 2019. (ESRI Earrach 2018 Trácht Eacnamaíoch Ráithiúil).<br>• Dífhostaíocht ag 5% (132,900) faoi láthair, beagnach ag teacht le dífhostaíocht iomlán agus tá dífhostaíocht óige ag 11.9% agus tá tearcfhostaíocht ard.<br>• Tugtar le tuiscint i bhfigiúirí CSO go bhfuil 23 ráithe i ndiaidh a chéile d'fhás fostaíochta taifeadta sa gheilleagar ó bhí 2012 ann<br>• Tháinig méadú 2.9% (nó 62,100) ar líon na ndaoine a bhí fostaithe sa bhliain go dtí céad ráithe 2018<br>• Aistriú ó fhostaíocht pháirtaimseartha go lánaimseartha.<br><br>**Boilsciú/Leibhéal Praghais**<br>**Ráta boilscithe faoi bhun 1%.**<br>• CPI 0.5% níos airde i bhFeabhra i gcomparáid le Feabhra 2017 (CSO Márta 2018)<br>• De réir mar a éiríonn an margadh saothair níos dlúithe, beidh brú ar phá fós láidir agus tuartar go gcuirfidh sé le boilsciú níos airde. (ECFE Iml 17 Eagrán 2 Éire)<br>• Ról lárnach ó thaobh iomaíochas a choimeád / teorainn a chur le héilimh ar arduithe pá.<br>. | **4 x 5**<br>**(2+1+2)** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| | **Méid an Fhiachais Náisiúnta**<br>**Fiachas Náisiúnta na hÉireann ag tuairim is €200 billiún.**<br>• Ba é €198 billiún Fiachas Náisiúnta na hÉireann ag deireadh na bliana seo caite, méadú 1% ón mbliain roimhe. (Irish Times 20 Feabh, 2018)<br>• Ba é Fiachas Ginearálta an Rialtais i Meitheamh 2017 ná €211.2 billiún<br>• Ba é €198 billiún Fiachas Náisiúnta na hÉireann ag deireadh na bliana seo caite, méadú 1% ón mbliain roimhe. (Irish Times 20 Feabh, 2018)<br>• Mar % den OTI bhí fiachas na hÉireann ionann le thart ar 75% anuraidh<br>• Tá an cóimheas fiachais/OTI le laghdú go 69% faoi dheireadh 2018 (NTMA)<br>• Cé go bhfuil fiachas ag laghdú mar % den OTI, tá an fiachas foriomlán athraithe ar aon dul le hiasachtaí an rialtais.<br>**2 mharc + 1 mharc+ 2 mharc**<br>**3 phointe: figiúr neasach + treocht bheacht + tuairim** | **20** |
| **(b)** | Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí eacnamaíochta a ghabhann le rialú éifeachtach a dhéanamh ar earnáil na baincéireachta.<br>Ba chóir duit buntáistí do shaoránaigh **agus** buntáistí do thionscal na baincéireachta a chur san áireamh i do fhreagra.<br>**Saoránaigh**<br>• **Cosaint a thabhairt do thaisceoirí / thomhaltóirí**<br>Chun institiúidí airgeadais maith agus sócmhainneach a chur chun cinn a thugann muinín do thaisceoirí go bhfuil a dtaiscí agus a n-infheistíochtaí sábháilte / bíonn muinín ag custaiméirí as an gcóras airgeadais. Gan an iomarca airgid a ghearradh ar thomhaltóirí e.g. scannal na morgáistí rianúcháin.<br>• **D'fhéadfadh sé go gcabhródh sé le tomhaltóirí cinntí níos fearr a dhéanamh**<br>Déanann roinnt tomhaltóirí drochroghanna airgid e.g. tógann siad an iomarca fiachais orthu féin nó roghnaíonn siad táirgí nach n-oireann dá gcuid riachtanas. Mar sin, teastaíonn cosaint uathu trí mheán rialaithe.<br>• **Muinín as an earnáil bhaincéireachta / fás eacnamaíoch**<br>Tríd an earnáil bhaincéireachta a rialú beidh muinín ag tomhaltóirí as an earnáil bhaincéireachta. D'fhéadfadh sé go spreagfadh sé níos mó coigilteas. Éascóidh earnáil bhaincéireachta chobhsaí fás eacnamaíoch.<br>• **Fostaíocht sheasmhach**<br>Trí chinntiú go bhfuil an earnáil bhaincéireachta slán d'fhéadfadh go mbeadh cobhsaíocht san earnáil sin agus ba cheart go gcinnteodh sé sin go mbeadh poist slán.<br>• **Buntáistí do cháiníocóirí / níos lú gá le hidirghabháil rialtais**<br>Má tá bainc cobhsaí agus má chuireann siad coigiltis agus infheistíocht chun cinn, éiríonn siad níos brabúsaí agus leis sin cuirfear níos mó cistí ar fáil le haghaidh seirbhísí rialtais. Ciallaíonn sé freisin gur lú an riosca go mbeidh gá le cistí ó cháiníocóirí (le haghaidh tarrthála féideartha). | **7+6+6+6**<br>7(3+4)<br>6(3+3)<br><br>Dhá cheann de gach ceann ar a laghad |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (b) | **Earnáil na baincéireachta**<br><br>• **Chun iasachtaí meargánta a sheachaint**<br>Le rialú ceart ba cheart go gcinnteofaí nach dtarlódh sé arís go mbeadh bainc ag tógáil an iomarca rioscaí agus go mbeadh iasachtaí á dtabhairt go meargánta le haghaidh maoine agus an iomarca tógtha ar iasacht ag iasachtóirí na hÉireann dá bharr.<br><br>• **Chun an córas airgeadais a choimeád cobhsaí / muinín a thabhairt d'infheisteoirí**<br>Chun córas airgeadais cobhsaí / sláintiúil a chothú. Cinnteoidh rialáil go bhfeidhmeoidh an earnáil airgeadais go héifeachtúil agus aischuirfear muinín an phobail.<br><br>• **Gan a bheith i mbaol suaite / gan an oiread gá le hidirghabháil agus cinnteoireacht rialtais**<br>Cabhróidh sé chun a chinntiú nach dtarlóidh an méid a tharla in 2008 arís agus mar sin nach mbeidh an oiread sin suaite ag tarlú don chóras airgeadais agus dá bharr sin gur lú an gá a bheidh le hidirghabháil an rialtais.<br><br>• **Chun éagobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a laghdú**<br>Nuair a fágadh bainc chun oibriú ar a gconlán féin, thug siad an iomarca iasachtaí nuair a bhí rudaí go maith agus níor thug siad mórán iasacht ar nuair a bhí rudaí go dona. Le rialú déantar cinntítear go rialaítear an timthriall borrtha agus cliste sin. Tá institiúidí airgeadais láidre riachtanach do gheilleagar. | **25** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** | *Deimhnítear i Ráiteas Eacnamaíochta an tSamhraidh ag an Rialtas go méadófar caiteachas caipitiúil an rialtais de €500m in aghaidh na bliana ó 2019 go 2021.* (**Foinse**: *www.rte.ie*, 2017) | |
| **(i)** | Mínigh **trí** argóint eacnamaíochta i bhfabhar méadú ar chaiteachas caipitiúil i ngeilleagar na hÉireann.<br>• **Níos mó éilimh ar thithíocht**<br>Ós rud é gur tharla téarnamh geilleagrach níos tapúla ná mar a bhíothas ag súil leis méadaíodh an t-éileamh ar thithíocht - idir thithíocht phoiblí agus phríobháideach. Tosaíocht é déanamh cinnte go gcuirfear 25,000 teach nua ar fáil in aghaidh na bliana faoi dheireadh na ndeich mbliana seo chun go mbeidh éileamh agus soláthar sa mhargadh ailínithe níos fearr le chéile.<br>• **Forbairt chothromaithe sna réigiúin a chur chun cinn.**<br>Is é aidhm an rialtais fás eacnamaíocht a scaipeadh níos cothroime agus mar sin dul i ngleic le roinnt éagothroimí réigiúnacha atá tagtha chun cinn le blianta beaga anuas i.e. scaipeadh réigiúnach níos comhionainne ar ghníomhaíocht eacnamaíoch a bhaint amach.<br>• **Cur le táirgiúlacht an gheilleagair / FDI a mhealladh**<br>Tá infheistíocht sa bhonneagar poiblí ríthábhachtach i gcomhair iomaíochas níos fearr / chun acmhainn an gheilleagair a fheabhsú / chun acmhainn fáis Gheilleagar na hÉireann a choimeád san fhadtéarma. Trínár mbonneagar a fheabhsú, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí cinnte go leanfaimis ar aghaidh ag mealladh FDI soghluaiste isteach go hÉirinn.<br>• **Daonra / filleadh ar na leibhéil caiteachais chaipitiúil a bhí ann roimhe**<br>Tá an soláthar reatha ró-íseal chun coimeád suas le héilimh eacnamaíocha agus le brú déimeagrafach. Chuaigh infheistíocht chaipitiúil i laghad i rith bhlianta na géarchéime agus tuigeann an Rialtas go bhfuil gá le soláthar an phríomhbhonneagair a mhéadú anois. Freisin ní mór dóibh ullmhú do riachtanais ár ndaonra mhéadaithigh chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas scoileanna, ospidéal, iarnród, bóithre, uisce etc.<br>• **Cáilíocht bheatha a fheabhsú – gá le bonneagar sóisialta**<br>Áiseanna poiblí a sholáthar a fheabhsaíonn an cháilíocht bheatha agus a leagann pobail luach orthu. An comhshaol a chosaint/teicneolaíochtaí nua-aimseartha chun truailliú agus astaíochtaí carbóin a laghdú chun sláinte agus leas daoine a fheabhsú/ an geilleagar "glas". Soláthar fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt amach anseo e.g. níos mó pointí luchtaithe do charranna leictreacha; infheistiú i bhfoinsí fuinnimh malartacha.<br>• **Fostaíocht a chruthú**<br>Gníomhaíocht dhlúthshaothair atá i gceist leis an earnáil tógála. Tá fostaíocht san earnáil sin faoi láthair cothrom le 7% den fhostaíocht iomlán agus meastar go méadóidh sé go 10% an céatadán ag a raibh sé sa tréimhse bhorrtha ba dheireanaí ó 2004 go 2007.<br>• **An geilleagar a chosaint ar shuaitheadh eacnamaíoch**<br>Ach infheistiú i mbonneagar, éirímid níos athléimní i gcoinne eachtraí seachtracha nach mbíonn ach neart teoranta ag Éirinn orthu má bhíonn neart ar bith aici orthu/ Chun an geilleagar a chosaint ón éiginnteacht eacnamaíoch atá os a chomhair faoi láthair e.g tar éis an Bhreatimeachta (Brexit). | **3 x 6**<br>( 3 + 3 ) |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(c) (ii)** | Déan plé ar an dóigh a bhféadfadh an caiteachas pleanáilte seo ag rialtas na hÉireann ar thionscadail chaipitiúla (tionscadail mhóra bhonneagair) teacht salach ar aon **dá** chuspóir eile de chuid an rialtais.<br><br>• **D'fhéadfadh sé a bheith boilscitheach**<br>D'fhéadfadh an geilleagar éirí róthe mar gheall ar an gcaiteachas méadaithe; is féidir le fás tapa iomarcach cur le boilsciú agus le hardú praghsanna maoine. Faoi láthair tá boilsciú ag dul i méid san earnáil tógála. Dar leis an SCSI tá praghsanna tógála méadaithe d'os cionn 6% le bliain anuas.<br><br>• **Deischostas**<br>Má chaitheann an rialtas cuid mhór airgid ar an mbonneagar a uasghrádú, beidh níos lú airgid ar fáil dóibh chun tabhairt faoi spriocanna eacnamaíocha eile i.e. neamhionannais a laghdú, cothromas cánach a bhaint amach etc.<br><br>• **Forbairt éagothrom réigiúnach**<br>Ceann de na haidhmeanna atá ag an rialtas reatha ná éagsúlachtaí réigiúnacha a laghdú. Má bhaineann an caiteachas le tionscadail chaipitil i gceantair uirbeacha, méadóidh an éagothroime.<br><br>• **Rialacha an limistéir euro a choimeád**<br>Mar bhall de limistéar an euro tá comhaontú fioscach ag Éirinn a gcaithfear a chloí leis. D'fhéadfadh sé go mbeadh coinbhleacht idir caitheamh agus caiteachas a choimeád faoi smacht. An chaoi a maoineofar an caiteachas caipitiúil, agus an mbeidh tionchar aige ar an sprioc mar atá an Fiachas/OTI a laghdú go 60%?<br><br>• **Airgeadas poiblí inbhuanaithe / ár bhfiachas náisiúnta a bhainistiú**<br>An gcuirfidh an caiteachas sin airgeadas poiblí fónta agus inbhuanaithe i mbaol? Cén Tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an gcaiteachas sin ar an gciste um 'Lá na Coise Tinne' / ar an aidhm an fiachas poiblí a laghdú chun maoláin fhioscacha a mhéadú?<br><br>• **Athrú comhshaoil a bhainistiú**<br>An bhéim ar éirí níos inbhuanaithe agus astaíochtaí a laghdú. An comhshaol a chosaint chun go mbeidh saoránaigh in ann saol níos folláine a chaitheamh. Ní mór don Rialtas an cuspóir fadtéarmach sin a mheas i dteannta leis an riachtanas ár mbonneagar a fhorbairt. | **2 x 6**<br>( 3+3 )<br><br>**30** |

## C8 Ioncam náisiúnta, Infheistíocht Dhíreach Eachtrach & Cosaint na timpeallachta

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(a)** | Taispeánann an tábla Ioncam Náisiúnta (Y), Caiteachas (C), Infheistíocht (I), Easpórtálacha (X) agus Iompórtálacha (M) do 2016 agus do 2017. | |

| | Y | C | I | X | M |
|---|---|---|---|---|---|
| **2016** | ? | 80,000 | 20,000 | 90,000 | 90,000 |
| **2017** | 150,000 | 100,000 | 30,000 | 120,000 | ? |

Ríomh iad seo a leanas agus **taispeáin do chuid oibre go léir**:

**(i) luach an Ioncaim Náisiúnta in 2016.** — **5**

Y = C + I + G + X – M

80,000 + 20,000 + 90,000 – 90,000 = 100,000

**(ii) luach na nGlaneaspórtálacha in 2017 .** — **6**

Glaneaspórtálacha = easpórtálacha lúide iompórtálacha

Ar dtús aimsigh leibhéal M agus an chothromóid thuas á húsáid

150,000 = 100 000 + 30 000 + (120 000 – M)

M = 100 000

Glaneaspórtálacha: 120 000 – 100 000 = 20,000

**(iii) leibhéal an Choigiltis sa gheilleagar in 2017**. — **3**

S = Y - C

150,000 – 100 000 = 50 000

**(iv) Méid an Iolraitheora.** — **6**

| | | |
|---|---|---|
| MPC = $\frac{\Delta C}{\Delta Y}$ $\frac{20,000}{50,000}$ = 0.4 | MPM = $\frac{\Delta M}{\Delta Y}$ $\frac{10,000}{50,000}$ = 0.2 | MPS = 1 – MPC = 1 – 0.4 = 0.6 |

| Modh 1 | Modh 2 |
|---|---|
| $\frac{1}{MPS + MPM}$ | $\frac{1}{1 - (MPC - MPM)}$ |
| $\frac{1}{0.6 + 0.2}$ | $\frac{1}{1 - (0.4 - 0.2)}$ |
| $\frac{1}{0.8}$ | $\frac{1}{0.8}$ |
| 1.25 | 1.25 |

MUL = $\frac{\text{Méadú ar Ioncam}}{\text{Méadú ar instealltaí}}$ $\frac{50,000}{10,000 + 30,000}$ 1.25

**20**

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(b)** | Déan plé ar na buntáistí **agus** ar na dúshláin do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le hInfheistíocht Dhíreach Eachtrach (FDI sa Bhéarla).<br><br>**Buntáistí**<br><br>• **Cruthaíonn sé fostaíocht (fostaíocht dhíreach agus indíreach)**<br>Tá oibríochtaí ar siúl in Éirinn ag 9 de na 10 gcuideachta domhanda is mó sna réimsí TFC, eolaíochtaí beatha, seirbhísí airgeadais, innealtóireachta agus seirbhísí gnó. Cruthaítear poist i ngnólachtaí áitiúla freisin.<br><br>• **Easpórtálacha / tionchar ar chomhardú na trádála**<br>Méadaíonn an sreabhadh íocaíochtaí eachtracha isteach go hÉirinn le haghaidh na n-earraí agus na seirbhísí arna n-easpórtáil ag na cuideachtaí sin. Cur le fairsingiú agus le héagsúlú easpórtálacha na hÉireann chomh maith leis na gnóthachain don tsochaí.<br><br>• **Tionchar ar ioncam an Rialtais**<br>Tá Cáin Chorparáide ar luach €2.8 billiún íoctha ag cuideachtaí ilnáisiúnta; cabhraíonn siad le caiteachas ar leas sóisialach a laghdú; neartaíonn siad pobail áitiúla. Méadaítear caiteachas an Rialtais chun na cuideachtaí sin a mhealladh go hÉirinn.<br><br>• **Fás geilleagrach**<br>Tríd aschur a mhéadú méadaítear OTN. Spreagann siad gnólachtaí eile chun táirgeacht a mhéadú agus spreagtar fás eacnamaíoch sa tír.<br><br>• **Tairbhí do tháirgiúlacht oibrithe**<br>Baineann oibrithe na hÉireann leas as eolas, teicneolaíocht agus sealbhú scileanna. Méadaítear táirgiúlacht oibrithe tríd an eolas breise sin.<br><br>• **Méadaítear tarraingteacht na hÉireann mar bhonn chun lonnú ann**<br>Tairbhí FDI do bhonn scileanna, do chaipiteal daonna agus do chultúr gnó na hÉireann agus d'fhéadfadh sé go gcabhródh sé sin chun daoine a spreagadh chun gnóthais a bhunú / níos mó FDI a mhealladh anseo. | **7+6+6+6**<br>7(3+4)<br>6(3+3)<br><br>Dhá bhuntáiste agus Dhá dhúshlán |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(b)** | **Dúshláin**<br><br>• **Cúrsaí cánachais**<br>Ceistíonn roinnt saoránach an ráta éifeachtach cánach a íocann roinnt cuideachtaí ilnáisiúnta. Íocann cuideachtaí ilnáisiúnta an chuid is mó de Cháin Chorparáide na hÉireann atá an-luaineach agus atá comhionann le níos mó ná 16% d'ioncam an stáit. Is fadhb dhomhanda é cáin a ghearradh ar shócmhainní doláimhsithe.<br><br>• **An tionchar ar Éirinn má bhogann siad**<br>Dá gcinnfeadh siad bogadh amach as Éirinn, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchair mhóra aige sin ar an ngeilleagar áitiúil agus náisiúnta. Chinn níos mó ná 1,100 cuideachta eachtrach Éire a chur ag croílár a gcuid oibríochtaí san Eoraip agus 174 000 daoine á bhfostú acu ansin. 122 000 duine fostaithe go hindíreach de thoradh FDI.<br><br>• **Aisdúichiú brabús**<br>Ceistíonn roinnt saoránach an méid brabús a aisdúichítear agus an tionchar diúltach is féidir leis sin a imirt ar gheilleagar na hÉireann. Dar le cuid acu ba cheart níos mó beart a thabhairt isteach chun aisdúichiú brabús a shrianadh.<br><br>• **Éiginnteachtaí reatha faoi shuíomh FDI**<br>Le teacht chun cinn geilleagar forbartha d'fhéadfadh sé go n-éireoidís níos tarraingtí mar ionad um FDI. Le héiginnteacht reatha faoin mBreatimeacht agus faoi Trump; méadú ar theannas geopholaitiúil agus éiginnteacht eacnamaíoch tá sé ag éirí níos deacra d'Éirinn FDI a mhealladh.<br><br>• **Scaipeadh tairbhí / naisc le gnólachtaí Éireannacha**<br>Conas is féidir tairbhí an FDI a scaipeadh go cothrom ar fud na tíre?<br>Conas is féidir nasc níos fearr agus níos mó comhair idir cuideachtaí dúchasacha agus FDI a bhunú? D'fhéadfadh sé go mbeadh an lámh in uachtar ag roinnt cuideachtaí ilnáisiúnta sa mhargadh agus iad ag brú amach fiontair ghnó atá bunaithe go háitiúil. An bhfuil cuideachtaí Éireannacha ag cailliúint na deise céimithe a mhealladh / an bhfuil éileamh pá orthu chun freastal ar ionchais céimithe i gcuideachtaí ilnáisiúnta? | **25** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** | *'Tugann na réamh-mheastacháin oifigiúla ar astuithe na ngás ceaptha teasa nach mbainfidh Éire amach na spriocanna atá leagtha síos ag an AE i gcomhair 2020 agus go mbeifear cuid mhaith faoina mbun.'*<br>(**Foinse**: An Chomhairle Chomhairleach ar Athrú Aeráide) | |
| **(i)** | Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis eacnamaíochta a bhfuil ag méadú ar chosaint na timpeallachta mar chás ar an rialtas.<br><br>• **Sócmhainn luachmhar a chosaint**<br>Sócmhainn straitéiseach agus luachmhar é an timpeallacht agus mar sin ní mór é a chosaint agus a bhainistiú chun cinntiú go mbeidh sé mar bhonn don leas eacnamaíoch. Daonra méadaitheach ag cur brú ar acmhainní reatha. Tá acmhainní nádúrtha ag dul i laghad agus mar sin teastaíonn cosaint.<br><br>• **Cabhrú le sochaí fholláin a chruthú**<br>Is gnách go mbíonn tionchar ag truailliú na timpeallachta ar go leor daoine agus bíonn sé deacair dóibh déileáil leis leo féin. Tá dochar don timpeallacht ag dul i bhfeidhm ar na glúine atá le teacht agus tá gá go gcosnódh Éire na glúine atá le teacht. Tá deacrachtaí ag Éirinn maidir le dramhaíl a dhiúscairt faoi láthair.<br><br>• **Brú chun spriocanna idirnáisiúnta a chomhlíonadh**<br>Cuirtear béim mhór ar fud an domhain / san Aontas Eorpach ar athrú aeráide agus d'eisigh rialacháin agus treoracha spriocanna nua chun cabhrú i dtaca le hastaíochtaí domhanda a mhaolú. Tá Rialtais faoi bhrú chun spriocanna idirnáisiúnta a chomhlíonadh. Tá eagla ar Éirinn go ngearrfar fíneáil orthu mura gcomhlíonfaí spriocanna a shocraítear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta chomh maith.<br><br>• **Feasacht phoiblí mhéadaithe / éilimh ón bpobal ar fheabhsúcháin**<br>Tá saoránaigh níos feasaí faoin ngá leis an timpeallacht a chosaint. Uaidh sin, tá brú á chur ar rialtais chun a gcuid freagrachta sóisialta a chomhlíonadh ó thaobh a gcuid saoránach a chosaint. Freisin le teacht chun cinn na 'polaitíochta glaise' tá níos mó brú á chur ar pháirtithe polaitiúla.<br><br>• **Costas ar an rialtas i dtaca le déileáil le dochar timpeallachta**<br>Is mian le saoránaigh go gcuirfeadh an rialtas bacainní tuile ar fáil / go gcuirfidís chun cinn úsáid níos fearr as fuinneamh etc. a bhfuil costais suntasacha ann don rialtais. | **3 x 5**<br>(2 + 3) |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(c) (ii)** | Mínigh beart **amháin** a d'fhéadfadh **gach** ceann díobh seo a leanas a dhéanamh chun cuidiú le hÉirinn spriocanna an AE a bhaint amach (i.e. astuithe carbóin a laghdú): Daoine aonair; Gnólachtaí; Rialtas na hÉireann.<br><br>**Daoine Aonair**<br><br>• **Modhanna iompair níos glaine / malartacha**<br>✓ Úsáid rothair, busanna, siúl.<br>✓ Aistrigh go gluaisteáin leictreacha.<br>✓ Dá mbainfí úsáid níos mó as an scéim um rothaíocht chun na hoibre laghdófaí astuithe feithicle agus brú tráchta / níos lú dochair don timpeallacht; astuithe carbóin laghdaithe.<br>✓ Úsáid as iompar poiblí chun astaíochtaí $CO_2$ a laghdú<br>✓ Taisteal aeir a laghdú.<br><br>• **Níos lú úsáide á baint as fuinneamh**<br>✓ Insliú níos fearr a úsáid. Rogha a dhéanamh níos lú fuinnimh a úsáid. Infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht tí chliste<br>✓ Úsáid fuinnimh a aistriú go huaireanta seachbhuaice.<br>✓ Gás agus leictreachas a cheannach ó mhiondíoltóirí a dhíolann cumhacht in-athnuaite<br>✓ Aistriú go soilse LED – maireann na bolgáin ar feadh deich mbliana ar a laghad agus freisin laghdaíonn a n-úsáid an t-éileamh ar leictreachas<br><br>• **Coimeád táirgí níos faide / úsáid níos lú rudaí**<br>Is mó i bhfad an fuinneamh a úsáidtear chun fón nua a dhéanamh ná an méid a úsáidtear chun é a chumhachtú le linn a shaolré. Deir Apple go dtagann 80% de lorg charbóin ríomhaire glúine nua ón déantúsaíocht agus ón dáileadh seachas ón úsáid sa bhaile. (The Guardian)<br><br>• **Ceannaigh earraí ó ghnólachtaí a thacaíonn leis an aistriú go todhchaí ísealcharbóin**<br>Cabhróidh sé sin le cur amú acmhainní tearca a laghdú agus mar sin cabhróidh sé chun an timpeallacht a chosaint.<br><br>**Gnólachtaí**<br><br>• **Modhanna iompair níos glaine / malartacha**<br>✓ Mol d'fhostaithe an scéim rothaíochta chun na hoibre a úsáid.<br>✓ Mol d'fhostaithe iompar poiblí a úsáid.<br><br>• **Úsáid níos lú plaistigh**<br>✓ Cupáin chaife agus clúdaigh aon uaire - mol do chustaiméirí cupáin in-athúsáidte a thabhairt leo trí lascainí a thairiscint<br>✓ Cuir deireadh le húsáid plaisteach nach féidir a athchúrsáil.<br>✓ Spreag athchúrsáil san ionad oibre<br><br>• **Infheistigh i dteicneolaíochtaí nua**<br>✓ Gluaiseacht ó úsáid breoslaí iontaise agus úsáid níos mó foinsí in-athnuaite atá níos neamhdhíobhálaí don timpeallacht.<br>✓ Infheistigh i bhfuinneamh glas agus i bhfoirgnimh ghlasa. | <br><br><br><br>**5**<br>(2+3)<br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>**5**<br>(2+3) |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| | **Rialtas na hÉireann**<br><br>• **Infheistíocht an rialtais sa "Gheilleagar Glas".**<br>✓ Cuirfear leithdháileadh de €21.8 billiún i dtreo beart chun cabhrú le hÉirinn aistriú go sochaí ísealcharbóin agus athléimneach in aghaidh na haeráide (An Plean Forbartha Náisiúnta 2018 – 2027)<br>✓ € 1 billiún i dtreo cosaintí ó thuilte – infheistíocht i scéim um fhaoiseamh ó thuilte.<br><br>• **Infheistíocht san iompar malartach**<br>✓ Forbair bonneagar d'fheithiclí leictreacha.<br>✓ Dreasachtaí a thabhairt chun feithiclí leictreacha a úsáid.<br>✓ Úsáid mhéadaithe iompair phoiblí / níos mó infheistíochta ina sholáthar.<br>✓ Deireadh a chur le húsáid fuinnimh ó bhreoslaí iontaise i gcórais iompair.<br>✓ Scéim traipisithe do sheantacsaithe a bhfuil feithiclí leictreacha á gceannach ina n-ionad.<br>✓ Ciste Busanna Glasa chun tacú le ceannach feithiclí iompair phoiblí níos glaine.<br><br>• **Úsáid/táirgeadh fuinnimh níos tíosaí a spreagadh**<br>✓ Painéil ghréine a dhéanamh níos saoire agus inrochtana go héasca.<br>✓ Giniúint leictreachais a dhí-charbónú.<br>✓ Iarfheistiú an stoic reatha foirgneamh go mbeidh siad ar leibhéal beagnach nialas astaíochtaí.<br>✓ Deontais um fheabhsú tí.<br>✓ Beidh ról ríthábhachtach ag fuinneamh inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr ar laghdú astuithe.<br><br>• **Socraigh spriocanna um astuithe / rialú truaillithe**<br>✓ Beartas comhshaoil: e.g. rialachán/reachtaíocht chun an timpeallacht a chosaint.<br>✓ Cáin a ghearradh ar thionscail a thruaillíonn go trom.<br>✓ Pionóis ar tháirgeoirí dhé-ocsaíd charbóin (cánacha carbóin/mótarcháin)<br><br>• **Laghdú ar astuithe sa talmhaíocht a spreagadh**<br>✓ Luach saothair a thabhairt d'fheirmeoirí as laghduithe ar astuithe agus ar thruailliú.<br>✓ Spreagadh d'fheirmeoirí chun dea-chleachtas a ghlacadh – Clár Origin Green de chuid Bhord Bia.<br>✓ Aistriú eolais maidir le cleachtais fheirmeoireachta inbhuanaithe; feirmeoireacht chliste; úsáid as leasú nítrigine. | **5**<br>(2+3)<br><br>**30** |

Leathanach Bán

Leathanach Bán